

Tuarascáil Bhliantúil

2025



**Dearbhú Cáilíochta
agus Cáilíochtaí Éireann**
Quality and
Qualifications Ireland

Clár

Réamhrá	2
Maidir le QQI	6
QQI in Uimhreacha	8
Na Cuspóirí Straitéiseacha a Bhaint Amach	13
Gnóthaí Corparáideacha	48
Struchtúr Rialachais	55
Gluais na nAcrainmneacha	61

Réamhrá ón gCathaoirleach

Tá ról uathúil agus ríthábhachtach ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), mar an ghníomhaireacht stáit um dhearbhu cáilíochta agus mar an údarás náisiúnta cáilíochtaí ó thaobh iomláine an chórais ardoideachais agus bhreiseoideachais agus oiliúna in Éirinn a chosaint.

Ba í 2025 an chéad bhliain de Ráiteas Straitéise QQI 2025–2027, *Cúram a dhéanamh do leas an fhoghlaimeora*. Léiríonn an obair a rinneadh le linn 2025 leanúnachas i bpríomhfheidhmeanna reachtúla QQI agus fócas athnuaite ar fhreagairt do thimpeallacht oideachais agus oiliúna atá ag athrú agus ag éirí níos casta. Leagtar amach sa tuarascáil bhliantúil seo an tslí ar chomhlíon QQI a ról le linn 2025, faoi threoir a shainordaithe reachtaigh, a luachanna agus a thiomantas do fhreastal ar riachtanais foghlaimeoirí, na sochaí agus an gheilleagair.

Tá QQI tiomanta dá chomhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhoimhniú agus in 2025, d'fhoilsigh an tÚdarás um

Ardoideachas (UAO) agus QQI a gceathrú Meabhrán Tuisceana. Seo an chéad chomhaontú bunaithe ar bhonn reachtúil tar éis foilsiú Acht an Údarais Oideachais, 2022.

Chuir QQI, ina ról mar an comhlacht dámhachtana do chláir phrintíseachta ceardaíochta, fáilte roimh an deis cur le plé ar phrintíseachtaí le linn cruinnithe Chomhchoiste an Oireachtais um Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht & Eolaíocht. Tá an rannpháirtíocht seo ag teacht go díreach lenár misean chun muinín agus iontaobh an phobail a chur chun cinn i gcáilíocht, in ionracas agus i gcáil chórais oideachais agus oiliúna na hÉireann.

Sa bhliain 2025, bhí áthas ar an mbord gur bhain QQI athchreidiúnú de chuid IBEC KeepWell Mark™ amach agus gur liostaíodh é in Innéacs na 100 Cuideachta is Fearr ó thaobh na Folláine (Business & Finance i gcomhpháirtíocht le IBEC). Is ailíniú dearfach é seo le tosaíocht straitéiseach QQI eagraíocht athléimneach agus solúbtha a chruthú. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don fhoireann ar fud na heagraíochta agus

buíochas a ghabháil leo as a ndúthracht agus a gcuid oibre mórluachmhaire le linn 2025 i dtreo ár bhfís chomhroinnte d'earnáil oideachais agus oiliúna tríú leibhéal na hÉireann a bhaint amach.

Ba mhaith le Bord QQI an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an Dr. Pádraig Walsh, Príomhfheidhmeannach QQI, as a cheannaireacht ar an eagraíocht. Mar Phríomhfheidhmeannach QQI ó bunaíodh é go dtí Márta 2025, rinne an Dr. Walsh maoirseacht ar chumasc na n-eagraíochtaí roimhe seo chun QQI a bhunú agus threoraigh sé an eagraíocht trí cheithre ráiteas straitéise agus foilsiú na straitéise reatha. Aithníonn an bord freisin an méid atá déanta ag Cliona Curley, Uasal, a d'fhóin mar PF Eatramhach ar QQI tar éis don Dr. Walsh dul ar scor.

Cuirimid fáilte ó chroí roimh ár bPríomhfheidhmeannach nua, an Dr. Lynn Ramsey, a thosaigh ina post i mí na Samhna 2025. Táimid ag tnúth le dul i mbun oibre léi agus le baill foirne ar fud na heagraíochta faoi mar a leanann QQI air ag comhlíonadh a ghealltanais rialála.



An tOllamh Irene Sheridan
Cathaoirleach QQI



Litir ón bPríomhfheidhmeannach

Thar ceann an údaráis atá freagrach as Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí in Éirinn, ba mhaith liom tuarascáil bhliantúil 2025 a chur i láthair. Leagtar amach ann dul chun cinn ar thosaíochtaí straitéiseacha QQI maidir lenár misean a chomhlíonadh chun muinín agus iontaoibh an phobail san fhoghlaim a choinneáil agus a fheabhsú.

Mar fhoras dámhachtana ainmnithe, dheimhnigh QQI 143,925 foghlaiméoir in 2025, agus eisíodh 453,026 dámhachtain. I measc na gclár a bhailíochtaigh QQI in 2025 bhí 17 gclár micreacháilíochta do na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna), chomh maith le 60 bailíochtú dhifreálacha chun curaclaim chomhroinnte a éascú ar fud na mBOOnna. Bhunaigh QQI a phróiseas um leathnú ar raon feidhme freisin chun bailíochtú clár a leathnú chun modhanna seachadta cumaiscthe agus ar líne go hiomlán a chur san áireamh.

Leathnaíodh timthriall athbhreithnithe CINNTE 2025 QQI chun institiúidí ardoideachais neamhspleácha agus príobháideacha a

áireamh in éineacht le hinstiúidí faoi rialú poiblí. Tá tuarascálacha athbhreithnithe d'Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath, Coláiste Hibernia, Coláiste Uí Ghríofa agus Coláiste Náisiúnta na hÉireann foilsithe ar shuíomh gréasáin QQI. D'fhoilsigh QQI dhá anailís théamacha a tógadh ó thuairiscí athbhreithnithe institiúideacha CINNTE. Ina theannta sin, foilsíodh anailís ar phríomhthéamaí i dtuarascálacha cáilíochta eatramhacha na mBord Oideachais agus Oiliúna freisin.

Is cloch choirnéil de ról QQI agus dá straitéis reatha an rialáil iontaofa. Sa bhliain 2025, fuair QQI a chéad iarratais ar TrustEd Ireland, marc cáilíochta nua d'oideachas idirnáisiúnta atá údaraithe ag QQI d'institiúidí ardoideachais (AO) agus do sholáthraithe mhúineadh an Bhéarla (ELE).

Thosaigh QQI dhá athbhreithniú dírithe ar sholáthraithe sa bhliain 2025. Rinneadh athbhreithniú dírithe ar éifeachtacht nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta ag SOLAS do Chéimeanna 4 agus 6 den chlár printíseachta leictreachais cheirde. Bhí aitheantas

réamhfhoghlama agus an mheasúnaithe ag City Education Group ina ábhar le hathbhreithniú fócasaithe freisin. Foilsíodh na tuarascálacha athbhreithnithe mar aon le torthaí agus moltaí ar shuíomh gréasáin QQI.

Tá freagracht reachtúil ar QQI as Creat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (CNC) a chur chun cinn, a fhorbairt tuilleadh, a chothabháil agus a chur i bhfeidhm. Eagraíodh dhá sheisiún shuntasacha comhairliúcháin poiblí maidir leis an CNC idir 2024 agus 2025 ag díriú ar cháilíochtaí idirmheánacha ag leibhéil 5 agus 6 den CNC agus ar bheartas rochtana, aistrithe agus forchéimnithe QQI. I bhfianaise thábhacht na n-ábhar díospóireachta a bhí i gceist sa dá chomhairliúchán, leanfaidh na pléití ar aghaidh go dtí 2026. Le linn 2025, rinne QQI dul chun cinn suntasach ina thionscadal straitéiseach chun Clár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ) a athfhorbairt, agus baineadh leas as rannpháirtíocht úsáideoirí deiridh chun bonn a chur faoi athruithe ar bhailiú sonraí agus ar thaithí úsáideoirí.

Is gnéithe ríthábhachtacha d'obair QQI iad rannpháirtíocht agus comhairliúchán le geallsealbhóirí. In 2025, bhí cainteanna forleathana ag QQI leis an earnáil oideachais tríú leibhéal i roinnt comhairliúcháin poiblí. Ba mhaith le QQI aitheantas agus buíochas a ghabháil leis na geallsealbhóirí as a gcuid ama agus ionchuir sna comhairliúcháin seo, atá thar a bheith luachmhar i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm ár mbeartas, ár dtreoirínte agus ár bpróiseas rialála.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair chrua agus do dhíograis fhoireann QQI i gcaitheamh 2025 agus táim ag tnúth le cur leis an bhfonn oibre seo leo sa bhliain atá romhainn.



An Dr Lynn Ramsey

Príomhfheidhmeannach QQI



Maidir le QQI

Is gníomhaireacht stáit é QQI atá freagrach as cáilíocht, ionracas agus cáil chóras breisoideachais agus ardoideachais na hÉireann a chur chun cinn. Chun a shainchúram reachtúil a chomhlíonadh, oibríonn QQI le raon leathan geallsealbhóirí chun a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Is é ár misean muinín agus iontaobh an phobail i gcóras oideachais threasaigh na hÉireann a mhéadú, rud a chumasaítear trínár ról rialála. Gníomhaímid ar shlí thrédhearcach agus le hionracas chun ár bhfís de chóras solúbtha, freagrúil agus dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de a bhaint amach.

Chomh maith lena fhreagracht as dearbhú cáilíochta seachtrach ar bhreisoideachas agus ardoideachas agus oiliúint in Éirinn, déanann QQI cláir a bhailíochtú, dámhachtainí a bhronnadh agus tá sé freagrach as cothabháil, forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Is é QQI ósta NARIC Ireland, trína soláthraítear comhairle maidir le haitheantas acadúil do cháilíochtaí iasachta trí iad a chur i gcomparáid, nuair is féidir, le cineál agus leibhéal mórdhámhachtainí ar Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann.

Ina theannta sin, cuirimid an pobal ar an eolas maidir le cáilíocht chlár agus cháilíochtaí oideachais agus oiliúna, agus cuirimid comhairle ar an Aire maidir le beartas náisiúnta i dtaobh dearbhú cáilíochta agus breisiú an oideachais agus na hoiliúna.



QQI in Uimhreacha

453,026 dámhachtainí QQI a bronnadh

143,925 foghlaimeoirí a deimhníodh

12,000+

foghlaimeoirí le dámhachtainí breisoideachais agus oiliúna a raibh a gcuid pointí ríofa dóibh ag QQI, rud a thacaíonn le forchéimniú chuig an ardoideachas

576

iarratas faighte a bhain le teastais athsholáthair

2,700+

arratas chun cáilíocht a fhíorú ó shealbhóirí le dámhachtainí arna ndéanamh ag QQI agus a chomhlachtaí dámhachtana oidhreachta, ar tugadh freagra orthu

41,564

ráiteas inchomparáideachta cáilíochta a íoslódáladh trísheirbhís ar líne NARIC Ireland

188

prósieas bailíochtaithe ardoideachais a críochnaíodh

184

prósieas bailíochtaithe breisoideachais agus oiliúna a críochnaíodh

Figiúirí do Ghníomhaíocht Deimhniúcháin

In 2025, fuair 143,925 foghlaimeoir dámhachtain de chuid QQI, méadú 4% ar fhiigiúirí 2024. Bhain na foghlaimeoirí seo 453,026 dámhachtain san iomlán amach¹. Is patrún d'fhás inbhuanaithe é seo, arb ionann é agus an tríú méadú bliantúil as a chéile ó bhí 2022 ann.

Fíorú Cáilíochtaí

Bhí an t-éileamh ar fhíorú cáilíochtaí láidir i gcónaí ó cheann ceann 2025. Cuireadh iarratais isteach chun críocha éagsúla, lena n-áirítear seiceálacha fostaíochta, seirbhísí meastóireachta oideachais, iarratais ar bhreisoideachas nó ardoideachas, agus ceanglais chónaitheachta nó aitheantais ghairmiúil thar lear. In 2025, d'fhreagair QQI 2,700 iarratas ar fhíorú ó shealbhóirí dámhachtainí a rinne QQI agus a chomhlachtaí dámhachtana oidhreachta.

Seirbhís Athsholáthair Teastais

Sa bhliain 2025, fuair QQI 576 iarratas a bhain le deimhnithe athsholáthair, rud a chuir le patrún fáis bliain i ndiaidh bliana ó bunaíodh an tseirbhís sa bhliain 2019. Léiríonn an treocht seo an fás leanúnach ar ghníomhaíocht deimhniúcháin agus tábhacht na seirbhíse do shealbhóirí dámhachtainí atá ag lorg doiciméadacht athsholáthair.

Rochtain ar an ardoideachas trí dhámhachtainí QQI

Cuireann Scéim na Naisc Ardoideachais (HELS) bealach tábhachtach forchéimnithe ar fáil do shealbhóirí dámhachtainí QQI isteach san ardoideachas. Tacaíonn QQI leis an scéim seo trí shonraí torthaí scóráilte a sholáthar don Lár-Oifig Iontrála (CAO) le gur féidir le hinstiúidí ardoideachais rannpháirteacha tairiscintí a dhéanamh d'iarratasóirí cáilithe.

Sa bhliain 2025, ríomh QQI pointí agus sholáthair sé sonraí don Lár-Oifig Iarratas (CAO) do bhreis is 12,000 foghlaimeoir a bhí ag cur dámhachtainí oideachais bhreise agus oiliúna i láthair, ag tacú le conairí dul chun cinn chuig an ardoideachas.

¹ Áirítear leis an bhfigiúr seo figiúirí deimhniúcháin do gach dámhachtain bheag oideachais bhreise agus oiliúna (BOO) sa Chóras Dámhachtainí Coiteann (CAS), lena n-áirítear iad siúd a baineadh amach in éineacht le dámhachtain mhór.

Tábla 1: Dámhachtainí QQI deimhnithe²

Earnáil Dámhachtana	Mórdámhachtain	Miondámhachtain	Sainchuspóra	Forlíonta	Iomlán
FET/BOO	33,043 (+11%)	372,644 (+5%)	31,430 (+6%)	200 (+71%)	437,317 (+6%)
AO	12,590 (+18%)	575 (-13%)	2,544 (+3%)	-	15,709 (+14%)
Iomlán	45,633 (+13%)	373,219 (+5%)	33,974 (+6%)	200 (+71%)	453,026 (+6%)

Tábla 2: Staitisticí NARIC Ireland


119,452	Líon na leathanach ar féachadh orthu ar bhunachar sonraí NARIC Éireann
41,564	Ráitis inchomparáideachta íoslódáilte
164	Tíortha a d'úsáid seirbhís ar líne um bainistíocht an ghaoil le custaiméirí de chuid NARIC Éireann
3,998	Ceisteanna agus iarratais ar sheirbhís CRM um fhoirmeacha ar líne
2,186	Ceisteanna agus iarratais chuig bosca poist NARIC
120	Meánlíon na nglanna fóin sa mhí ar NARIC Éireann
7,384	Líon iomlán na gceisteanna ar fhoireann NARIC Éireann in 2025

2 Léiríonn na sonraí idir lúibíní an t-athrú céatadáin ón bhfigiúr coibhéiseach do 2024. Léiríonn na sonraí líon na ndeimhniúcháin a taifeadadh tar éis tréimhse dheimhniúcháin mhí Feabhra 2026, a d'fhéadfaí a athrú go mion bunaithe ar mhionathruithe i dtréimhsí deimhniúcháin ina dhiaidh sin.

Tábla 3: Cinntí um cheadú agus bailíochtú an dearbhaithe cáilíochta

Cinntí um cheadú agus bailíochtú an Dearbhaithe Cáilíochta (DC)	Líon na n-iarraitas a cinneadh in 2025
Cinntí ceadaithe DC	
Rochtain tosaigh ar bhailíochtú (ceadú DC)	2
Leathnú ar raon feidhme an tsoláthair	10
Líon iomlán na bpróiseas ceadaithe DC	12
Cinntí bailíochtaithe breisoideachais agus oiliúna (BOO)	
Bailíochtuithe nua	54
Bailíochtuithe difreálacha	107
Athbhailíochtuithe	4
Leathnuithe/Mionathruithe ar bhailíochtú	19
Diúltuithe	0
Iomlán na bpróiseas bailíochtaithe BOO	184
Cinntí bailíochtaithe ardoideachais (AO)	
Bailíochtuithe nua (difreáil san áireamh)	46
Athbhailíochtuithe	76
Leathnuithe/Mionathruithe ar bhailíochtú	66
Diúltuithe	0
Iomlán na bpróiseas bailíochtaithe AO	188
For-iomlán	384





Na Cuspóirí Straitéiseacha a Bhaint Amach

Tosaíocht 1 :

Féachaint chuige go seasfaidh An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí an aimsir mar fhoinsé faisnéise údarásach do cháilíochtaí treasacha atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de

Déanfaimid a thuilleadh forbartha ar ardáin QQI chun an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a chur chun cinn mar fhoinsé údarásach faisnéise ar cháilíochtaí dearbhaithe cáilíochta lena n-áirítear cúrsaí micridhintiúr

Clár Cáilíochtaí na hÉireann a athfhorbairt

Tá feidhm reachtúil ag QQI bunachar sonraí a bhunú, a chothabháil agus a fhorbairt trína soláthraítear faisnéis faoi dhámhachtainí a aithnítear laistigh den CNC, cláir oideachais agus oiliúna as a leanann dámhachtainí a aithnítear laistigh den Chreat agus aon chlár eile is cuí le QQI.

Is é Clár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ) an bunachar sonraí náisiúnta de cháilíochtaí atá san áireamh sa CNC agus de na cláir a leanann astu. Tacaíonn na Forais Cháiliúcháin Ainmnithe (DABanna) le cothabháil an bhunachair shonraí trí fhaisnéis nuashonraithe faoi chlár a uaslódáil uair sa bhliain ar a laghad.

Tugann an IRQ faisnéis faoi cháilíochtaí ó gach cuid den chóras oideachais agus oiliúna treasaí le chéile ionas gur féidir le foghlaimoirí, fostóirí agus daoine eile ciall a bhaint go héasca ar

thírdhreach na gcáilíochtaí. Is é an IRQ an fhoinsé faisnéise is iontaofa faoi cháilíochtaí agus soláthraithe dearbhaithe cáilíochta in Éirinn. Tá sé ag éirí níos tábhachtaí an IRQ a chothabháil agus a fhoilsiú mar stór náisiúnta cinntitheach, coimeádta, cáilíochtaí tríú leibhéal de réir mar a mhéadaíonn teacht chun cinn na hintleachta saorga an dúshlán a bhaineann le cinntiú go bhfuil an fhaisnéis a aisghabhtar cruinn, iomlán agus chun dáta.

In 2024, chuir QQI tús le tionscadal ilbhliantúil chun an IRQ a athfhorbairt agus a fheabhsú, le tacaíocht ó mhaoiniú a fuarthas ón gCoimisiún Eorpach chun Ionad Náisiúnta Europass agus Pointe Comhordúcháin Náisiúnta an Chreata Cáilíochtaí Eorpaigh a chur i bhfeidhm. Is é an fhís don chlár athfhorbartha, a bhfuiltear ag súil lena sheoladh ag deireadh 2027, go mbeidh sé ar an bhfoinsé údarásach agus chuimsitheach faisnéise faoi cháilíochtaí agus deiseanna foghlama atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de in Éirinn, agus gur féidir é a úsáid chun foinsí eile faisnéise a chur ar an eolas, rud a chuirfidh deireadh leis an mbaol neamhréireachta i sonraí agus a laghdóidh an t-ualach tuairiscithe.

Áirítear ar chuspóirí agus ar bhuntáistí beartaithe an tionscadail seo:

- feidhmeanna nua amhail TrustEd Ireland, Forais Cháiliúcháin Liostaithe agus Údarás Tarmligthe a chumasú
- foilsiú faisnéise neamhcháilíochta amhail micridhintiúir agus cláir mhúineadh an Bhéarla a chumasú
- cáilíocht agus cainníocht na faisnéise atá ann cheana a fheabhsú
- feabhas a chur ar fheidhmiúlacht maidir le huaslódáil faisnéise
- faisnéis a bhailiú chun tacú le cuspóirí beartais phoiblí eile, lena n-áirítear liosta de

chláir a chuireann soláthraithe údaraithe TrustEd ar fáil a chomhlíonann na ceanglais chláir atá leagtha síos ag an Roinn Dlí agus Cirt maidir le hinimirce mac léinn; agus liosta de na cláir a chomhlíonann na ceanglais chláir agus institiúide atá leagtha síos ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir le faoiseamh cánach ar tháillí cláir

- comhtháthú le bunachair shonraí Eorpacha tábhachtacha amhail Clár Tacar Sonraí Cáilíochtaí (QDR) ar Europass agus Bunachar Sonraí Torthaí Dearbhaithe Cáilíochta na hEorpa (DEQAR)
- comhtháthú le bunachair shonraí náisiúnta amhail Qualifax a laghdóidh an t-ualach a bhaineann le faisnéis clár a choinneáil cothrom le dáta agus a chuirfidh cumas ar fáil chun gur féidir taithí an úsáideora a fheabhsú go leanúnach
- foilsiú mar shonraí oscailte chun a chinntiú gur féidir leis an earnáil faisnéis a úsáid go straitéiseach chun tacú le forbairt clár, ceapadh beartais, réamhaisnéis scileanna agus pleanáil lucht saothair
- tuarascáil uathoibrithe a chumasaíonn rianú agus anailís níos cruinne a dhéanamh ar threochtaí atá ag teacht chun cinn ar fud an oideachais tríú leibhéal.

Déanfar iniúchadh ar chomhtháthú sonraí le tuairisciú sonraí eile a bhaineann le hoideachas agus oiliúint tríú leibhéal mar chuid den tionscadal.

Mar chuid d'athfhorbairt Chlár Cáilíochtaí na hÉireann, i mí an Mhárta 2025, chuir QQI tús le hanailís ar an tSamhail Foghlama Eorpach (ELM) leis an aidhm é a aistriú ina scéim sonraí chun tacú leis an IRQ. Cuireadh scéim i gcrích agus cuireadh sreangfhrámaí de na modhanna bailithe sonraí atá beartaithe don IRQ amach anseo ar fáil. Ullmhaíodh iad le haghaidh

comhairliúchán seachtrach le húsáideoirí deiridh. Chun tuiscint níos fearr a chothú ar Scileanna, Inniúlachtaí agus Gairmeacha Eorpacha (ESCO), gné den ELM, chuaigh QQI isteach i nGrúpa Oibre na mBallstát de chuid ESCO i mí na Samhna 2025.

I mí an Mheithimh 2025, rinne QQI sonraí ón IRQ [a fhoilsiú](#), sonraí ina leagtar amach na cáilíochtaí atá san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC), agus anailís déanta orthu de réir Leibhéal an Chreata, aicme dámhachtana, earnála, réimse foghlama, méid creidiúintí agus foras cáiliúcháin. Feidhmeoidh sé seo mar bhonnlíne chun sainaithint treochtaí a éascú agus chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil na cáilíochtaí atá san áireamh sa CNC ag athrú gach bliain.

Tá QQI ag plé le raon leathan geallsealbhoirí mar chuid den tionscadal athfhorbartha IRQ seo agus mar fhreagra ar aiseolas a fuarthas ó úsáideoirí deiridh faoi inúsáidteacht agus cuma an IRQ, rinneadh feabhsuithe eatramhacha ar an gclár a bhí ann cheana in 2025. Ina measc seo bhí:

- leathanach baile athdheartha go hiomlán ina mínítear cuspóir an IRQ agus a fheidhmeanna cuardaigh
- leathanach Ceisteanna Coitianta nuashonraithe ina dtugtar freagraí soiléire, intuigthe ar cheisteanna coitianta, rud a chabhraíonn le tuiscint níos fearr ar an IRQ agus ar cathain is cóir é a úsáid a thabhairt d'úsáideoirí
- scéim dathanna nua atá níos nua-aimseartha agus níos tarraingtí
- feidhmiúlacht cuardaigh fheabhsaithe a thugann moltaí tuartha anois
- próifílí soláthraithe ardoideachais nuashonraithe chun faisnéis a áireamh faoi

sholáthraithe a bhfuil údarú TrustEd Ireland faighte acu

- earnáil mhúineadh an Bhéarla a thabhairt isteach mar earnáil inti féin mar ullmhúchán do thabhairt isteach údarú TrustEd Ireland do sholáthraithe mhúineadh an Bhéarla.

Athbhreithniú agus mionathrú a dhéanamh ar na cineálacha dámhachtana reatha sa CNC chun freastal níos fearr a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí i gcóras oideachais tríú leibhéal níos comhtháite.

Páipéar Uaine ar Cháilíochtaí Ildirmheánacha ar Leibhéal 5 agus 6 den CNC

Dhún an comhairliúchán ar an bPáipéar Uaine ar Cháilíochtaí Ildirmheánacha ag Leibhéal 5 agus 6 den CNC i mí an Mhárta 2025, agus fuarthas 50 freagra. Tionóladh 10 gcruinniú le geallsealbhóirí idir Eanáir agus Márta 2025 ina raibh breis is 150 rannpháirtí páirteach. Pléadh an páipéar uaine freisin ag ceardlann chomhairliúcháin tiomnaithe a tionóladh mar chuid de chruinniú bliantúil Ghrúpa Tagartha AE. Foilsíodh [tuarascáil chomhairliúcháin](#) i mí Mheán Fómhair 2025, mar aon le Páipéar Bán ar Cháilíochtaí ag Leibhéal 5 agus 6 den CNC. Leathnaíodh an tréimhse chomhairliúcháin amach go dtí Feabhra 2026.

Aitheantas d'fhorais cháiliúcháin liostaithe agus a gcuid dámhachtainí a chur san áireamh sa CNC

Fuarthas an chéad iarratas ar bhunú mar Fhoras Cáiliúcháin Liostaithe (FCL) i mí Eanáir 2025 agus rinneadh an chuairt ar an láthair i mí Aibreáin 2025. Táthar ag súil go luath in 2026 le doiciméadacht bhreise chun an bunú a chumasú.

Fuarthas dhá iarratas eile go déanach in 2025 ar dheimhniú go raibh na híoscheanglais comhlíonta, agus táthar ag súil go gcuirfear na hiarratais iomlána isteach in 2026.

Tabhairt faoi athbhreithniú ar cibé an gcomhlíonann soláthraithe aonair an bheartas um rochtain, aistriú agus forchéimniú agus um aitheantas cuí réamhfhoghlama

Beartas QQI um Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú

Dhún an comhairliúchán ar an bPáipéar Uaine ar Bheartas QQI um Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú i mí na Bealtaine 2025 agus fuarthas tacaíocht ó 5 chruinniú comhairliúcháin tiomnaithe agus ócáidí rannpháirtíochtaí le raon leathan geallsealbhóirí. Fuarthas 32 freagra san iomlán ar an gcomhairliúchán.

Cuirfidh comhairliúchán QQI ar an 'Páipéar Uaine ar Mhicridhintiúir agus na gearrchláir a eascraíonn astu' eolas ar fáil freisin maidir leis na prionsabail a bhaineann le carnadh agus aistriú creidiúintí, a dtugtar cruachú air, uaireanta. Agus an comhairliúchán ar an bpáipéar uaine seo ag teacht chun críche in 2026, meastar go bhfoilseofar an Páipéar Bán ar an mBeartas um Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú agus an tuarascáil chomhairliúcháin ghaolmhar in 2026.

CÁS-STAIDÉAR:

Treoirscéim IS Giniúna i Sintéis QQI de na Tuarascálacha Bliantúla Cáilíochta

Reáchtáil QQI treoirscéim ar úsáid na hintleachta Saorga chun tacú le hanailís agus sintéis Thuarascálacha Bliantúla Cáilíochta (TBCanna). Bhí an tionscnamh ailínithe le treoir náisiúnta maidir le húsáid fhreagrach na hintleachta saorga agus cuspóir straitéiseach QQI chun an intleacht shaorga a ionchorprú, i gcás inar cuí, in anailís ar leibhéal an chórais.

Cur Síos

Rinneadh triail ar dhá uirlis: MAXQDA Tailwind le haghaidh códú cáilíochtúil, asbhaint téamaí agus comparáid trasinstitiúideach; agus Microsoft Copilot chun tacú le dréachtú agus scagadh an téacs sintéise. Scrúdaíodh sa treoirscéim cibé an bhféadfadh IS Giniúna éifeachtúlacht a fheabhsú agus léargais chomparáideacha níos doimhne a sholáthar agus maoirseacht láidir dhaonna á coimeád ag an am céanna.

Próiseas

Uaslódáladh TBCanna chuig MAXQDA Tailwind le haghaidh anailís théamach tosaigh a raibh tacaíocht na hintleachta saorga aici. Ansin rinne foireann QQI athbhreithniú agus bailíochtú ar na haschuir i gcomparáid leis na tuarascálacha bunaidh chun cruinneas agus léirmhíniú cuí a chinntiú. Thacaigh Copilot le dréachtú, seiceálacha comhsheasmhachta agus léamh profaí. Bhí saineolas an duine lárnach ó thús deireadh.

Na Príomh-fhothorthaí

D'éascaigh an treoirscéim sainaithint níos éifeachtaí ar théamaí ar fud na hearnála, lena n-áirítear rialachas agus bainistíocht

DC, éifeachtacht agus tionchar DC, ionracas acadúil, forbairt clár, gníomhaíocht taighde agus monatóireacht agus athbhreithniú. I measc na dtéamaí a tháinig chun cinn bhí claochlú digiteach, cibearshlándáil, micridhintiúir, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú agus an méadú ar rannpháirtíocht institiúideach in IS Giniúna.

Eochairphointí foghlama

D'éascaigh IS Giniúna asbhaint agus comparáid luath éifeachtach ar théamaí; ach teastaíonn bailíochtú an duine le haghaidh cruinnis agus comhthéacs. Tá tábhacht as cuimse le hoiliúint foirne agus le méadú acmhainne. Is den riachtanas aird a thabhairt sna céimeanna tosaigh ar rialachas agus ar shlándáil sonraí. Is uirlis luachmhar é IS Giniúna ó thaobh tacú le breithiúnas saineolaithe, ach ní féidir leis áit an duine a ghabháil.

Na Chéad Chéimeanna Eile

Tá prionsabail agus beartais tras-eagraíochta maidir le húsáid IS Giniúna á gcur i dtoll a chéile ag QQI. De réir mar a théann an obair seo ar aghaidh, déanfar IS Giniúna a chomhtháthú ar shlí níos iomláine i dtimthriallta sintéise TBC amach anseo, agus d'fhéadfaí é a úsáid ar shlí níos leithne ar fud na bpróiseas DC inmheánach agus na rannpháirtíochta le soláthraithe.



Tosaíocht 2:

Rialáil, treoirlínte, comhairle agus seirbhísí iontaofa a sheachadadh atá oiriúnach do riachtanais tírdhreach éagsúil foghlaimeoirí agus soláthraithe

Faisnéis údarásach a sholáthar faoi cháilíocht an chórais oideachais tríú leibhéal phoiblí trí chreatlach cuimsitheach faireacháin ina n-úsáidtear uirlisí cainníochtúla agus cáilíochta cuí

Mar chuid de shraith thuairiscí léargais QQI, críochnaíodh roinnt tuarascálacha ar anailís théamach ar leibhéal an chórais i rith na bliana:

Sintéis d'Athbhreithnithe CINNTE

Rinne QQI anailís théamach ar thuairiscí athbhreithnithe institiúideacha CINNTE do na hollscoileanna teicneolaíochta (TUNna) agus d'earnálacha ardoideachais neamhspleácha/príobháideacha araon. Sainaithnítear sna tuarascálacha sintéise a eascraíonn as seo príomhthéamaí earnála, leagann siad amach tosaíochtaí dearbhaithe cáilíochta agus feabhsúcháin atá ag teacht chun cinn, agus tacaíonn siad le hidirphlé ar leibhéal an chórais, foghlaim chomhroinnte agus trédhearcacht.

Sintéis Thuarascálacha CINNTE na nOllscoileanna Teicneolaíochta

Seoladh tuarascáil sintéise do na cúig ollscoil teicneolaíochta go hoifigiúil i Samhain le linn [ócaíde](#) ag Ollscoil Teicneolaíochta, Baile Átha Cliath.

Leagtar béim sa tuarascáil ar théamaí amhail creataí dearbhaithe cáilíochta (DC) ar fud na

hinstitiúide a fhorbairt, próisis DC a ailíniú le straitéis, rannpháirtíocht mac léinn a chur chun cinn, tionscnaimh dhigiteacha agus cibearshlándáil.

Sintéis de Thuarascálacha CINNTE ó institiúidí ardoideachais neamhspleácha/príobháideacha

Seoladh [tuarascáil sintéise](#) bunaithe ar thuarascálacha athbhreithniú CINNTE maidir leis na ceithre institiúid ardoideachais neamhspleácha/príobháideacha is mó go hoifigiúil le linn [ócaíde](#) i Meán Fómhair.

Aibhsítear sa tuarascáil téamaí amhail éagsúlacht clár, comhpháirtíochtaí trasnáisiúnta oideachais, rialachas institiúideach, agus dearbhú cáilíochta atá sainiúil i gcás soláthraithe neamhspleácha/príobháideacha.

Sintéis de Thuarascálacha Bliantúla Cáilíochta

Le linn 2025, rinneadh anailís théamach thréimhsiúil de na Tuarascálacha Bliantúla Cáilíochta (AQRanna) a chuir institiúidí ardoideachais isteach. Nuálaíocht i bpróiseas na bliana seo ab ea treoirsteicim d'uirlisí Intleachta Saorga Giniúna chun tacú le próiseas anailíse téamaí níos éifeachtaí. D'úsáid modheolaíocht na sintéise leaganacha ceadúnaithe de MAXQDA Tailwind, uirlis théamach atá á tiomáint ag intleacht shaorga, agus Microsoft Copilot. Gheofar tuilleadh sonraí sa chás-staidéar gaolmhar thíos.

Foilsíodh dhá thuarascáil sintéise sa tsraith QQI Insights, [Quality Assurance in Higher Education 2025 Independent and Private Institutions \(Dearbhú Cáilíochta san Ardoideachas 2025 Institiúidí Neamhspleácha agus Príobháideacha\)](#) agus [Quality Assurance in Higher Education 2025 Public Higher Education Institutions \(Dearbhú Cáilíochta san Ardoideachas 2025 Institiúidí Ardoideachais Poiblí\)](#).

Tionóladh imeacht piarfhoghlama i mí na Nollag chun aird a tharraingt ar thorthaí na sintéise, agus chun cás-staidéir dea-chleachtais arna gcur isteach ag institiúidí mar chuid den phróiseas AQR a chomhroinnt.

Sintéis de Thuarascálacha Cáilíochta Eatramhacha na mBord Oideachais agus Oiliúna

Foilsíodh Anailís Théamach ar Thuarascálacha Cáilíochta Eatramhacha 2025 na mBord Oideachais agus Oiliúna , leabhar ar leith de chás-staidéir ar chleachtas DC i mBoird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna), i mí na Nollag. Gheofar san anailís léargas traschárais ar dhul chun cinn agus ar thosaíochtaí maidir le dearbhú cáilíochta in earnáil BOO. I measc na bpríomhthéamaí tá forbairt leanúnach beartais maidir le dearbhú cáilíochta, rannpháirtíocht fheabhsaithe foghlaimeoirí, forbairt foirne, méadú ar úsáid sonraí, comhoibriú, agus dúshlán chomhroinnte amhail bainistíocht acmhainní agus sonraí. Cuidíonn na torthaí le rannpháirtíocht QQI agus maoirseacht fhianaisebhunaithe ar BOOnna a threorú.

Cruinnithe Idirphlé Cáilíochta

Mar chuid de chruinnithe idirphlé cáilíochta débhlantúla QQI, tionóladh cruinnithe ar an láthair le gach BOO ó Mheitheamh go Samhain. Thug na cruinnithe seo deis do lucht ardbhainistíochta QQI agus na BOOnna

nuashonruithe straitéiseacha a mhalartú agus tosaíochtaí atá i bpáirt acu sa bhreiseoideachas agus san oiliúint a phlé.

Faireachán agus athbhreithniú ar oideachas tríú leibhéal

Lean gníomhaíochtaí faireacháin agus athbhreithnithe ardoideachais QQI ar aghaidh in 2025 mar chuid dá thimthriall reachtúil d’athbhreithnithe institiúideacha. Rinneadh faireachán tréimhsiúil ar dhearbhu cáilíochta soláthraithe trí thuairisciú bliantúil agus trí chruinnithe idirphlé cáilíochta.

Le linn na tréimhse seo, críochnaíodh an timthriall athbhreithnithe institiúideacha ar na hollscoileanna teicneolaíochta (TUNna) agus do na ceithre institiúid ardoideachais neamhspleácha/phríobháideacha is mó. Foilsíodh na tuarascálacha athbhreithnithe go léir ar Leabharlann Athbhreithnithe QQI sular ullmhaíodh na tuarascálacha sintéise ina dhiaidh sin.

Sa bhliain 2025, críochnaíodh pleananna chun an chéad chéim eile d’athbhreithnithe CINNTE a thosú do institiúidí ardoideachais príobháideacha/ neamhspleácha beaga. Rinneadh an creat athbhreithnithe a nuashonrú tar éis comhairliúcháin earnála, le téarmaí tagartha nua agus lámhleabhar athbhreithnithe atá le foilsiú go luath in 2026.

Institiúid	Foilsíú na Tuarascála Athbhreithnithe
Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan	Meán Fómhair 2024
Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne	Samhain 2024
Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt	Aibreán 2025
Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh	Aibreán 2025
Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath	Eanáir 2025
Coláiste Hibernia	Aibreán 2025
Coláiste Uí Ghríofa	Bealtaine 2025
Coláiste Náisiúnta na hÉireann	Bealtaine 2025

CÁS-STAIÉAR:

Meastóireacht ar Chlár Comhpháirteach inar úsáideadh an Cur Chuige Eorpach

Réamhrá

Rinne Institiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT) iarratas chuig QQI ar mheastóireacht a dhéanamh ar *Pathfinder – BA Idirnáisiúnta Comhpháirteach sa Scannánaíocht* leis an gCur Chuige Eorpach. Tá an clár á sheachadadh go comhpháirteach ag IADT (Éire), Ollscoil Lusófona (an Phortaingéil), Scoil Ealaíon LUCA (an Bheilg), agus Acadamh Náisiúnta na nEalaíon Amharclainne agus Scannánaíochta (NATFA) (an Bhulgáir).

Cur Síos

Ós rud é gur comhiarracht í *Pathfinder – BA Idirnáisiúnta Comhpháirteach sa Scannánaíocht* ina bhfuil roinnt institiúidí comhpháirtíochta Eorpacha páirteach, thairg an Cur Chuige Eorpach creat meastóireachta aontaithe agus comhsheasmhach. D'fhéadfadh na torthaí cabhrú le próisis chreidiúnaithe náisiúnta aonair a líomhchoiriú. I gcás an IADT, ba dheis í an mheastóireacht freisin chun nósanna imeachta nua-bhunaithe an Chur Chuige Eorpaigh a chur i bhfeidhm i gcleachtas agus taithí a fháil ar dhearbhu cáilíochta trasteorann. Díríodh sa mheastóireacht ar sheachadadh cláir agus ar an rannchuidiú a rinneadh laistigh den chuibhreannas, inar clúdaíodh dearadh, torthaí foghlama, measúnú, rialachas, agus dearbhú cáilíochta ag institiúidí comhpháirtíochta. Rinneadh measúnú ar cibé ar chomhlíon na cleachtais seo caighdeán an Chur Chuige Eorpaigh.

Próiseas Meastóireachta

Tugadh faoi phróiseas meastóireachta struchtúrtha de réir nósanna imeachta QQI don Chur Chuige Eorpach. Áiríodh leis seo na céimeanna seo a leanas:

- i. Iarratas Foirmiúil agus Deimhniú Incháilitheachta
- ii. Tuarscáil Chomhpháirteach Féinmheasúnaithe a chur isteach
- iii. Painéal seachtrach a cheapadh
- iv. Cuairt an phainéil sheachtraigh ar an láthair
- v. Tuarscáil an Phainéil a ullmhú
- vi. Breithniú agus Toradh Foirmiúil
- vii. Iar-obair agus Foilsiú

Na Príomhthorthaí / Tionchair

Leagadh béim sa tuarscáil mheasúnaithe, atá foilsithe ar leabharlann athbhreithnithe QQI agus a uaslódáiltear chuig DEQAR, ar roinnt láidreachtaí de chuid *Pathfinder – BA Comhpháirteach sa Scannánaíocht* agus sainithníodh deiseanna feabhsúcháin freisin. Ina theannta sin, chuir an próiseas meastóireachta le tuiscint institiúidí ar an gCur Chuige Eorpach agus rinne sé tuilleadh forbartha ar chumas QQI chun tacú le cláir chomhpháirteacha agus iad a mheasúnú.

Eochairphointí foghlama

Aibhsíodh sa mheastóireacht ar *Pathfinder – BA Comhpháirteach sa Scannánaíocht* an gá atá le pleanáil luath, cumarsáid shoiléir idir an phríomhinstitiúid agus an ghníomhaireacht DC, agus féinmheasúnú comhoibríoch le hathbhreithniú seachtrach. Mar thoradh air sin, rinneadh leasuithe beaga ar nósanna imeachta comhpháirteacha QQI, amhail obair leantach fhoirmiúil le gníomhaireachtaí DC tar éis an fhoilsithe. Chruthaigh an próiseas seo bunús láidir do mheasúnuithe ar an gCur Chuige Eorpach amach anseo.

Beartais agus creat monatóireachta foriomlána nua QQI a bhunú

In 2025, d'fhoilsigh QQI páipéar bán inar moladh beartas agus creat nua faireacháin. Seoladh próiseas comhairliúcháin phoiblí agus tugadh chun críche é i Meán Fómhair 2025. Rinneadh anailís ar an aiseolas a fuarthas agus tá sé ag cur eolais ar fáil don chéad chéim eile den fhorbairt. Déanfar tuilleadh anailíse agus taighde in 2026 chun tacú le forbairt an bheartais agus an chreata faireacháin.

Meastóireacht ar Chlár Comhpháirteach leis an gCur Chuige Eorpach

Le linn 2025, rinne QQI a chéad mheastóireacht ar chlár comhpháirteach ar Nósanna Imeachta maidir le DC ar Chláir Chomhpháirteacha Bunaithe ar an gCur Chuige Eorpach, a foilsíodh an bhliain roimhe sin, i bhfeidhm. Féach an cás-staidéar ar an gcéad leathanach eile.

Treoirínte maidir le measúnú a nuashonrú chun a chinntiú go léiríonn siad comhthéacsanna teagaisc agus foghlama atá ag athrú lena n-áirítear úsáid na hintleachta saorga

An measúnú a athshamhlú: treoirínte athbhreithnithe maidir le dearbhú cáilíochta ar mheasúnú dámhachtainí breisoideachais agus oiliúna (BOO) agus ardoideachais (AO) de chuid QQI a chur i dtoll a chéile

Tar éis próiseas comhairliúcháin a cuireadh i gcrích in 2024 maidir le nuashonruithe eatramhacha molta ar threoirínte measúnaithe do sholáthraithe clár as a leanann dámhachtainí BOO de chuid QQI, thug QQI treoirínte measúnaithe eatramhacha nuashonraithe chun críche. Ina measc seo bhí:

- Treoirínte eatramhacha um measúnú dearbhaithe cáilíochta do sholáthraithe
- Treoirínte eatramhacha um measúnú dearbhaithe cáilíochta d'fhíordheimhnitheoirí seachtracha

Níos mó freagrachta as bailíochtú clár agus comhroinnt na gclár náisiúnta breisoideachais agus oiliúna a chineachadh chuig na boird oideachais agus oiliúna chun cur ar a gcumas cláir sholúbtha nuálacha a fhorbairt dá bhfoghlaimeoirí

Struchtúr agus córas comhroinnte ar fud earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt chun freagracht dhílártaíthe a chumasú as meastóireacht ar chláir nua

I rith 2025, chuir QQI tús le caidreamh leis an earnáil BOO ar threoirscéim chun freagracht as bainistiú codanna den phróiseas bailíochtaithe a chineachadh. Bunaithe ar a dteist maidir le forbairt agus bailíochtú clár, tugadh cuireadh do sheacht gcinn de BOOnna páirt a ghlacadh sa treoirscéim. Forbraíodh dréacht-nósanna imeachta maidir le freagracht cineachta san earnáil BOO sa tríú ráithe de 2025, agus tugadh próiseas comhairliúcháin leis an earnáil chun críche i ráithe a ceathair. Tosóidh QQI ag glacadh le hiarratais ar fhreagracht cineachta ó na BOOnna rannpháirteacha i ráithe a haon de 2026.

Treoirínte um dhearbhu cáilíochta do chóras aonair printiseachta, d'fhoghlaim chomhtháite oibre agus do chlár a fhorbairt, lena gcuimseofar earnáil an oideachais threasaigh

Treoirínte reachtúla um dhearbhu cáilíochta ar fhoghlaim chomhtháite oibre

Tar éis rannpháirtíocht le geallsealbhoirí in 2024 chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt

treoiríníte reachtúla dearbhaithe cáilíochta maidir le foghlaim atá chomhtháite san obair, d'fhoilsigh QQI dhá thuarascáil ullmhúcháin in Aibreán 2025:

- [Quality Assuring Work-integrated Learning in Irish Tertiary Education \(Cáilíocht na Foghlama atá Comhtháite leis an Obair in Oideachas Treasach na hÉireann a Dhearbhuí\)](#), anailís théamach ar dhearcthaí agus ar thaithí raon leathan geallsealbhoirí a bhfuil leas acu san fhoghlaim atá comhtháite leis an obair
- [Work-integrated Learning practice in Ireland \(Cleachtas foghlama in Éirinn atá comhtháite leis an obair\)](#), ina leagtar amach na cineálacha foghlama atá comhtháite leis an obair atá coitianta faoi láthair sa bhreiseoideachas agus san oiliúint agus san ardoideachas mar a thuairiscíonn cleachtóirí sna hearnálacha sin

Foilsíodh [Dréacht-threoiríníte Reachtúla um Dhearbhuí Cáilíochta ar Chláir a bhfuil an Foghlaim Comhtháite Leo](#) le haghaidh comhairliúcháin in Iúil 2025, bunaithe ar thorthaí an dá thuarascáil sin. Tháinig deireadh leis an tréimhse chomhairliúcháin i nDeireadh Fómhair 2025 agus tá anailís á déanamh ar na freagraí.

Tuiscint níos fearr ar cháilíochtaí iasachta a chumasú i measc soláthraithe, fostóirí, agus foghlaimeoirí idirnáisiúnta, lena n-áirítear daoine easáitithe agus dídeanaithe, trí sheirbhís NARIC Ireland.

Óstálann QQI NARIC Ireland, an Lárionad Faisnéise Náisiúnta um Aitheantas Acadúil, atá freagrach as faisnéis údarásach a sholáthar chun tacú le haitheantas do cháilíochtaí acadúla ón iasacht. Cuireann an tseirbhís saor in aisce ar líne seo comparáidí ar fáil, i gcás inar cuí, le dámhachtainí móra ar an CNC agus

is cuid den líonra idirnáisiúnta ginearálta ENIC-NARIC í. I gcomhthéacs rannpháirtíocht na hÉireann i bPróiseas Bologna, déanann NARIC Éireann a chion chun socruithe aitheantais uathoibríocha agus frithpháirteacha a neartú agus oibríonn sé go dlúth le húdaráis inniúla chun aitheantas do cháilíochtaí, cáilíochtaí páirteacha, agus foghlaim a ghnóthaíonn dídeanaithe, daoine easáitithe, agus imircigh a éascú. Tá an obair seo mar bhonn agus taca faoi shoghluaisteacht agus aitheantas laistigh den Limistéar Ardoideachais Eorpach (LEA), agus do shealbhóirí cáilíochtaí Éireannacha atá ag lorg deiseanna thar lear.

Le bliain anuas, mhéadaigh an t-éileamh ar sheirbhísí NARIC Éireann níos mó ná 11% i gcás íoslódálacha de ráitis inchomparáideachta, agus 4% i gcás amhairc leathanaigh ar Bhunachar Sonraí na gCáilíochtaí Iasachta. Léiríonn na méaduithe seo fás leanúnach ar shoghluaisteacht idirnáisiúnta agus margadh saothair atá níos éagsúla ó thaobh cáilíochtaí de. Leathnaíodh bunachar sonraí NARIC tuilleadh, agus cuireadh 230 ráiteas inchomparáideachta breise leis, rud a thugann an líon iomlán go breis is 2,000 teideal dámhachtana. Cé gurb iad úsáideoirí sa Bhrasáil, san India, san Úcráin, sa Spáinn agus sa Ríocht Aontaithe is mó a úsáideann an láithreán gréasáin agus a dhéanann éileamh ar ráitis inchomparáideachta, tá méadú tagtha ar an méid foriomlán gníomhaíochta de thart ar 11% in aghaidh na bliana.

Ina theannta sin, mhéadaigh fiosrúcháin aonair a fuarthas trí ríomhphost, tríd an ardán CRM agus ar an teileafón de 17% i gcomparáid le 2024. Soláthraíonn na hidirghníomhaíochtaí seo léargas luachmhar ar riachtanais úsáideoirí na seirbhíse agus cuireann siad bonn eolais díreach faoi fhorbairt leanúnach na seirbhíse.

Seirbhís NARIC Éireann a chur i láthair

Chun tuiscint níos doimhne ar aithint cáilíochtaí agus ról sheirbhís NARIC Éireann a thacú, a chothabháil agus a chur chun cinn, forbraíodh cur chuige cumarsáide comhordaithe agus cuireadh i bhfeidhm é ar bhealach a bhí comhsheasmhach le luachanna eagraíochtúla QQI. Ar aon dul le tiomantas QQI don trédhearcacht, don chothroime agus don neamhchlaontacht, táirgeadh ábhair chur chun cinn nuashonraithe chun an tairiscint seirbhíse a chur in iúl go soiléir, agus chun an cur chuige trí chéim i leith cáilíochtaí iasachta a aithint a leagan amach. Dearadh na hábhair seo chun cruinneas, inrochtaineacht agus comhsheasmhacht a chinntiú do na geallsealbhóirí uile. Mar léiriú ar chur chuige comhoibríoch agus ionchuimsitheach, neartaíodh an teagmháil dhigiteach, rud a d'fheabhsaigh infheictheacht ar fud na meán sóisialta agus a chuir athfhorbairt leathanaigh ghréasáin an Rannáin Soghluaisteachta Idirnáisiúnta agus Réamhfhoghlama chun cinn chun tacú le cumarsáid chomhtháite agus cumarsáid atá dírithe ar an úsáideoir.

Ba ghné lárnach den obair seo i gcónaí rannpháirtíocht geallsealbhóirí, a rinneadh ar bhealach comhairleach agus comhoibríoch. Chuidigh rannpháirtíocht i raon leathan imeachtaí agus cur i láthair spriocdhírthe a sheachadadh do chomhpháirtithe poiblí, pobail agus san earnáil oideachais le tuiscint chomhroinnte a mhéadú agus muinín a neartú sa chóras náisiúnta aitheantais do cháilíochtaí. I gcomhréir le tiomantas QQI do mhuinín, ionracas, agus cleachtas fianaisebhunaithe, lean an tseirbhís d'fhaireachán córasach a dhéanamh ar mhífhaisnéis chun a chinntiú go bhfuair comhlachtaí rialála, ranna rialtais, agus comhpháirtithe eile faisnéis iontaofa agus cothrom le dáta.

Faisnéis staitisticí NARIC a roinnt le geallsealbhóirí

I gcomhréir le luachanna eagraíochtúla na trédhearcachta, an ionracais, agus an chleachtais fianaisebhunaithe, chríochnaigh agus d'fhoilsigh NARIC Ireland na tuarascálacha staitisticí 2025 maidir le haitheantas do cháilíochtaí iasachta: [Staitisticí NARIC Éireann 2025](#). Léiríonn foilsiú na staitisticí seo tiomantas QQI dá fhreagrachtaí rialála a fheidhmiú ar bhealach cothrom agus oibiachtúil, agus léargais shoiléire agus iontaofa a sholáthar do gheallsealbhóirí ar oibriú agus úsáid sheirbhís NARIC. Chinntigh scaipeadh na dtorthaí trí ríomhíris mhíosúil QQI, an QT, agus trí chumarsáid spriocdhírthe sna meáin shóisialta inrochtaineacht ghinearálta agus thacaigh sé le freagracht chomhroinnte chun muinín i gcóras aitheantais do cháilíochtaí na hÉireann a neartú. Léiríonn an tionscnamh seo tuilleadh tiomantais don fhoghlaim, don fheabhsú leanúnach, agus don úsáid a bhaintear as taighde agus anailís chun beartas a threorú, chun tacú le comhpháirtithe, agus chun tionchar intomhaiste a imirt ar fud an tírdhreacha oideachais agus oiliúna.

Conarthaí Idirnáisiúnta ar Aitheantas do Cháilíochtaí

An Coinbhinsiún maidir le Cáilíochtaí Ardoideachais sa Réigiún Eorpach a Aithint (Coinbhinsiún Aitheantais Liospóin).

Glacadh Coinbhinsiún Aitheantais Liospóin (LRC) i 1997 agus shínigh Éire é in 2004. Sa bhliain 2025, mar chuid de phróiseas marc cáilíochta TrustEd Ireland, rinne QQI measúnú ar an gcaoi a gcomhlíonann 28 soláthraí ardoideachais in Éirinn a n-oibleagáidí faoin LRC faoi láthair. Soláthraíonn an measúnú faisnéis bhunúsach ar chleachtas aitheantais in ardoideachas na hÉireann

agus cuirfidh sé creat comhthéacsúil suntasach ar fáil d'fhorbairtí beartais agus do chleachtais sa réimse seo amach anseo. Tá tuarascálacha TrustEd Éireann le fáil ag: [Tuarascálacha TrustEd Éireann | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí](#). Is rannpháirtí é QQI i bPiarghrúpa Téamach B Bologna, a bhaineann le Príomhthiomantas 2 den Réimse Ardoideachais Eorpaigh (EHEA) a chur chun cinn agus a cheanglaíonn ar bhalltíortha a chinntiú go bhfuil a reachtaíocht agus a nósanna imeachta náisiúnta i gcomhréir le Coinbhinsiún Aitheantais Liospóin. Tá ionadaíocht ag QQI freisin ar Phiarghrúpa Téamach A ina ndírítear ar chreataí cáilíochtaí, agus ar Phiarghrúpa Téamach C.

Conarthaí Eile

Tacaíonn QQI leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) chun a bhreithniú ar thiomantas don Choinbhinsiún Domhanda maidir le Cáilíochtaí Ardoideachais a Aithint (GRC) agus don Chonradh maidir le hAitheantas Uathoibríoch do Cháilíochtaí Ardoideachais a chur chun cinn. Maidir leis an gcéad cheann, chuir QQI a dhearcthaí ar an GRC i láthair ag Seimineár Gréasáin um Próiseas Rannpháirtíochta Náisiúnta arna óstáil ag DFHERIS i mí an Mheithimh 2025 agus d'fhreastail sé ar an Dara Seisiún den Chomhdháil Idir-Rialtasach de na Stáit is Páirtithe sa GRC. Tá sé i ndlúth-theagmháil i gcónaí le DFHERIS, UNESCO (Biúró GRC) agus líonra ENIC-NARIC chun ullmhúchán náisiúnta chun aontú leis an GRC a chur chun cinn. Bunaíodh an Conradh maidir le hAitheantas Uathoibríoch do Cháilíochtaí Ardoideachais in 2021, ar conradh iltaobhach é a d'eascair as tionscnaimh ó stáit Benelux agus an Bhaltaigh chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo aitheantais fhrithpháirtigh uathoibríoch, agus forálann sé d'aitheantas uathoibríoch

do chéimeanna Baitsiléara, Máistreachta agus Dochtúireachta i measc na stáit is sínitheoirí. Tugann QQI comhairle do DFHERIS maidir le gnéithe teicniúla de cháilíochtaí a aithint agus é ag cur ullmhúchán chun cinn d'aontachas na hÉireann leis an gconradh.

Athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas agus na critéir maidir le bailíochtú clár chun a chinntiú go bhfuil siad comhréireach le méid agus leibhéal na dámhachtana QQI atá á tairiscint.

Próisis éagsúla a éascú le haghaidh bailíochtú, comhréireach le méid agus leibhéal na dámhachtana QQI

Bhí QQI ag plé le BOOnna i gcónaí le linn 2025 chun tacú le próiseas comhréireach chun cláir mhicreacháilíochtaí de mhéideanna beaga a bhailíochtú trí chlár Scileanna chun Dul Chun Cinn de chuid SOLAS. Tacaíodh i gcónaí le comhroinnt éifeachtach curaclam bailíochtaithe ar fud na hearnála trí phróiseas bailíochtaithe difreálach comhréireach. Le linn 2025, rinne QQI bailíochtú ar 17 gclár micreacháilíochta don earnáil BOO, agus rinneadh 60 bailíochtú dhifreálacha chun curaclam comhroinnte a éascú.

In 2025, chuir QQI tús lena phróiseas maidir le leathnú raon feidhme chun cabhrú le soláthraithe cláir a bhailíochtú a sheachadtar ar mhodhanna cumaiscthe agus lán-ar líne tar éis dheireadh bhearta teagmhasacha Covid-19. Chinn Coiste Feidhmiúcháin Clár agus Dámhachtainí QQI na chéad chúig iarratas in 2025. Leanfaidh an próiseas seo ar aghaidh in 2026.

Córais Chomhdhámhachtainí (CAS) QQI a shruthlíniú agus caighdeáin níos leithne a fhorbairt do dhámhachtainí QQI chun soláthraithe a chumasú chun cláir sholúbtha a fhorbairt

Torthaí agus cur chuige athbhreithnithe CAS 2023 i réimse an chúraim sláinte a chur i bhfeidhm agus faireachán a dhéanamh air

Athbhreithniú ar Chaighdeáin Cúraim Sláinte ag Leibhéal 5 den CNC

Tá dhámhachtainí cúraim sláinte ag Leibhéal 5 den CNC ar cheann de réimsí gníomhaíochta deimhniúcháin is mó ag QQI agus aithníodh iad mar thosaíocht le haghaidh athbhreithniú i mBreac-Phlean Gníomhaíochta QQI maidir le hAthbhreithniú agus Athnuachan na gCaighdeán Comhdhámhachtainí. Chuir QQI le hobair a tionscnaíodh in 2024 nuair a rinneadh dul chun cinn le hathbhreithniú ar chúig cinn de mhórdhámhachtainí cúraim sláinte sa Chóras Comhdhámhachtainí. I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'fhoilsigh QQI sraith de dhréacht-Chaighdeáin Dámhachtana sa Chúram Sláinte ag Leibhéal 5 den CNC a raibh sé mar aidhm leo dúbláil a laghdú, comhtháthú a neartú agus ailíniú le cleachtas cúraim sláinte comhaimseartha agus riachtanais an lucht saothair a fheabhsú. Bhí an comhairliúchán seo a leanas i gceist:

- dréacht-Chaighdeáin Dámhachtana Ginearálta do Bhunriachtanais an Chúraim Cúraim Sláinte agus an Chúraim Dírithe ar an Duine chun tacú le forbairt clár solúbtha i gcomhthéacsanna éagsúla cúraim sláinte
- dhá cheann de dhréacht-Chaighdeáin Dámhachtana Sainmhínithe ag Leibhéal 5 den CNC, dírithe ar Thacaíocht Cúraim Sláinte agus Staidéir Réamh-Altranais.

Léiríonn na Caighdeáin Dámhachtana Sainithe atá molta imeacht ón struchtúr oidhreacht CAS do dhámhachtainí BOO de chuid QQI, lena dtugtar isteach ailtireachtaí dhámhachtana a bhfuil sainmhíniú níos soiléire acu agus atá deartha do chomhthéacsanna gairme ar leith. Forbraíodh na dréachtchaighdeáin le hionchur ó sholáthraithe cúraim sláinte, comhlachtaí earnála, soláthraithe breisoideachais agus oiliúna, oideachasóirí ardoideachais, fostóirí, agus saineolaithe ábhar. Tá aiseolas a bailíodh le linn thréimhse chomhairliúcháin 2025 mar bhonn eolais le mionchoigeartú na gcaighdeán, a mheastar a thabharfar chun críche in 2026.

Caighdeáin Nua Dámhachtana Comhtháite d'Fhorbairt Pobail/Obair don Phobal ag Leibhéil 5-6 den CNC

I mí an Mhárta 2025, d'fhoilsigh QQI caighdeáin chomhtháite dhámhachtana nua le haghaidh Forbairt Pobail agus Obair don Phobal ag Leibhéil 5-6 den CNC. Léiríonn na caighdeáin próiseas láidir comhoibríoch, a thugann eagraíochtaí oibre pobail, soláthraithe breisoideachais agus oiliúna, oideachasóirí ardoideachais, ionadaithe earnála agus saineolaithe ábhar le chéile. Ba é an Foras Formhuinithe Uile-Éireann um Oideachas agus Oiliúint in Obair don Phobal (AIEB) a bhí i gceannas ar an obair.

Caighdeáin Dámhachtainí Nua le haghaidh Obair Óige ag Leibhéal 5 den CNC

Forbraíodh caighdeáin nua dhámhachtana QQI d'Obair Óige ag Leibhéal 5 den CNC, a foilsíodh i mí an Mhárta 2025, trí phróiseas forbartha caighdeán a chuimsigh ionchur ó eagraíochtaí oibre don aos óg, soláthraithe BOO, oideachasóirí in obair óige ardoideachais, ionadaithe earnála agus

saineolaithe ábhair eile. Bhí an Coiste um Chaighdeán Oideachais agus Oiliúna Thuaidh Theas (NSETS) um Obair Óige, arna óstáil ag Comhairle Náisiúnta na nÓg in Éirinn (NYCI), ina chathaoirleach ar an ngrúpa forbartha caighdeán.

Measúnú díchill chuí a dhéanamh ar sholáthraithe príobháideacha maidir lena n-oiriúnacht chun oideachas agus oiliúint rialáilte a thairiscint

Próiseas an díchill chuí a ionchorprú sa phróiseas formheasa soláthraithe do sholáthraithe is iarrthóirí

Cuireadh isteach na chéad iarratais ar mheastóireacht díchill chuí i Márta 2025 mar chuid den phróiseas iarratais ar údarú chun an marc TrustEd Ireland a úsáid. Fuarthas iarratas ó 17 soláthraí mhúineadh an Bhéarla. Cuireadh na hiarratais seo isteach trí bhíthin an phróisis idirghníomhaigh ar líne, a forbraíodh in 2024, chun a éascú do sholáthraithe a léiriú go gcomhlíonann siad na “critéir acmhainneachta agus cumais” atá sonraithe i rialacháin na hAireachta. Is cuid de phróiseas comhtháite TF í an tairseach ar líne a forbraíodh chun feidhmchláir marc TrustEd Ireland a bhainistiú. Próiseáladh na hiarratais trí roinnt céimeanna, lena n-áirítear céim scagtha agus céim mheastóireachta. Sonraítear torthaí gach meastóireachta i dtuarascáil chuimsitheach do gach soláthraí is iarratasóir.

An próiseas díchill chuí a chur i bhfeidhm, idir phróiseas comhtháite agus phróiseas caighdeánach

Ag an am céanna, forbraíodh tairseach Díchill Chuí ar leithligh (Próiseas Caighdeánach) chun bainistiú a dhéanamh ar mheasúnú Díchill Chuí ar gach soláthraí eile a bhíonn ag plé le QQI ar fud raon seirbhísí. Ceanglaítear ar sholáthraithe is iarratasóirí QQI a léiriú go gcomhlíonann siad

na “critéir acmhainne agus cumais” atá leagtha amach i rialacháin aireachta. Le linn 2025, cuireadh na chéad soláthraithe is iarratasóirí le haghaidh rochtain tosaigh ar bhailíochtú cláir agus an chéad iarratas ó sholáthraí atá ann cheana féin isteach tríd an bPróiseas Caighdeánach Díchill Chuí.

An marc cáilíochta TrustEd Ireland a eisiúint do sholáthraithe ardoideachais agus do sholáthraithe mhúineadh an Bhéarla a chomhlíonann cód cleachtais reachtúil chun oideachas a sholáthar d’fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta

Iarratais agus Fuinneog Measúnaithe TrustEd Ireland a hAon: Conair Ardoideachais

In 2025, osclaíodh an chéad fuinneog iarratais do TrustEd Ireland, agus dhún sé i mí an Mhárta. Is féinmheasúnú é an t-iarratas, ar a dtugtar Ráiteas Iarratais ar an Marc Oideachais Idirnáisiúnta (IEMAS), a chomhlánaigh soláthraithe chun comhlíonadh a léiriú leis na critéir is infheidhme a leagtar amach sa Chód Cleachtais maidir le Cláir Ardoideachais a Sholáthar d’Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta (Cód AO). Bhí ar sholáthraithe comhlíonadh a léiriú san IEMAS agus fianaise ar chomhlíonadh a sholáthar, lena n-áirítear naisc chuig doiciméid agus aguisíní atá ar fáil go poiblí. Tar éis scagadh tosaigh ar na tuarascálacha a rinne feidhmeannas QQI, seoladh Tuarascáil Scagtha chuig gach soláthraí ag iarraidh tuilleadh doiciméad.

Bunaíodh painéil mheasúnaithe chun measúnú a dhéanamh ar léiriú gach soláthraí ar chomhlíonadh. Bhí ceathrar ball ar na painéil: an cathaoirleach, scríbhneoir na tuarascála, saineolaí oideachais idirnáisiúnta agus ionadaí foghlaimeoirí. Tar éis measúnú deisce, fuair gach soláthraí Tuarascáil ar Cheisteanna

Gan Réiteach inar iarradh aon fhaisnéis agus doiciméadacht bhreise a bhí riachtanach.

Tar éis modhnóireachta ó Ghrúpa Athbhreithnithe Inmheánach QQI, seoladh dréacht-tuarascálacha measúnaithe chuig soláthraithe, a raibh an deis acu a dtuarascáil a athbhreithniú le haghaidh cruinneas fíorasach, agus freagairt don tuarascáil.

Cuireadh tuarascálacha measúnaithe deiridh faoi bhráid Choiste Formheasa agus Athbhreithnithe (ARC) de chuid QQI a raibh ceithre chruinniú acu idir Samhain agus Nollaig 2025. Tugadh fógra do sholáthraithe faoi thoradh a n-iarratais tar éis chruinniú deiridh an ARC i mí na Nollag, agus tugadh fógra foirmiúil i mí Feabhra 2026.

Gheofar thíos naisc chuig na 28 tuarascáil measúnaithe TrustEd Éireann:

1. [Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh](#)
2. [Coláiste CCT Baile Átha Cliath](#)
3. [Coláiste Dorset](#)
4. [Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath](#)
5. [Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath](#)
6. [Institiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire](#)
7. [Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan](#)
8. [Scoil Ghnó na Gaillimhe](#)
9. [Coláiste Uí Ghríofa](#)
10. [Institiúid Holmes Baile Átha Cliath](#)
11. [Scoil Ghnó ICD](#)
12. [An Coláiste Neamhspleách](#)
13. [An Institiúid Baincéireachta](#)
14. [Coláiste Mhuire gan Smál Luimneach](#)
15. [Ollscoil Mhá Nuad](#)
16. [Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan](#)
17. [An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha](#)
18. [Coláiste Náisiúnta na hÉireann](#)

19. [Ollscoil RCSI an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte](#)
20. [Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann](#)
21. [Ollscoil Teicnolaíochta an Oirdheiscirt](#)
22. [Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath](#)
23. [Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne](#)
24. [Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath](#)
25. [An Coláiste Ollscoile, Corcaigh](#)
26. [An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath](#)
27. [Ollscoil na Gaillimhe](#)
28. [Ollscoil Luimní](#)

Iarratais agus measúnú TrustEd Ireland Fuinneog a hAon: Cosán ELE

Cuireadh tús sa tréimhse Fuinneog a hAon chéanna le measúnú comhthreomhar ar sholáthraithe ELE (mhúineadh an Bhéarla). Chuir 17 soláthraí iarratas isteach faoi dheireadh mhí an Mhárta 2025. Leanfaidh measúnú na soláthraithe ELE isteach in 2026.

Deimhniú ar iarratas Fuinneog a Dó: Conairí AO agus ELE

I Meán Fómhair 2025, dheimhnigh 7 soláthraí AO agus 61 soláthraí ELE a rún iarratas a dhéanamh ar údarú TrustEd Ireland i bhFuinneog a Dó. Is é an 27 Márta 2026 an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach le linn Fuinneog a Dó.



Tosaíocht 3:

Léargais, taighde agus anailís luachmhar ar fud an chórais a chomhroinnt le geallsealbhóirí tábhachtacha

TOSAÍOCHT 3: Léargais, taighde agus anailís luachmhar ar fud an chórais a chomhroinnt le geallsealbhóirí tábhachtacha

Cumas anailísíochta sonraí a fheabhsú chun painéil QQI a chruthú a sholáthraíonn tascairí ar leibhéal an chórais maidir le cáilíocht agus cáilíochtaí

Painéil idirghníomhacha a nuashonraítear go leathbhliantúil maidir le deimhniú dámhachtainí QQI

In 2025, críochnaíodh an obair ar fhorbairt bunachar sonraí de dheimhniúcháin nua. Tacaíonn an bunachar sonraí seo le táirgeadh, anailís agus scaipeadh staitisticí ardchaighdeán maidir le sonraí deimhniúcháin QQI. Scaiptear na staitisticí seo trí shraith painéal idirghníomhach, rud a sholáthraíonn rochtain thrédhearcach ar fhaisnéis agus a chuireann ar chumas úsáideoirí treochtaí a iniúchadh as measc cineálacha deimhniúcháin, leibhéil den CNC agus tréithe foghlaimeoirí. Tá na haschuir deartha chun inrochtaineacht, inúsáidteacht agus luach anailíseach a fheabhsú do raon leathan geallsealbhóirí.

Chomh maith le gníomhaíocht leanúnach scaipthe, táirgeadh réimse foilseachán agus aschur anailíseach in 2025 lena n-áirítear:

- Anailís ar thorthaí ón suirbhé Intleachta Saorga Giniúnaí: foilsíodh painéil idirghníomhacha agus tuarascáil PDF, ag

cur tuairimí foghlaimeoirí agus foirne i láthair maidir le húsáid na hintleachta saorga, agus ullmhacht di, ar fud institiúidí oideachais in Éirinn, lena n-áirítear an t-ardoideachas, an breisoideachas agus oiliúint, agus múineadh an Bhéarla.

- Táirgeadh tuarascáil sonraí IRQ: tuarascáil ghearr idirghníomhach le sonraí ó thairseach IRQ, rud a sholáthair foramharc ar na cáilíochtaí a chuimsítear ann agus ar phríomhthréithe na gníomhaíochta aithinte.
- Ó BOO go AO: nuashonraíodh an anailís ar fheidhmíocht iarratasóirí ar an Lár-Oifig Iontrála a bhfuil dámhachtain BOO de chuid QQI acu le sonraí maidir le 2025 agus foilsíodh é. Féachann an anailís seo ar iarratasóirí a ghnóthaigh mórdámhachtain Leibhéal 5 nó 6 in aon suí amháin agus a chuir iarratas isteach chuig an CAO sa bhliain acadúil chéanna. Rinneadh iniúchadh ar threochtaí rannpháirtíochta, meascán ábhar agus gnóthachtáil thar thréimhse ama, agus sonraí deimhniúcháin QQI agus torthaí pointí CAO á n-úsáid.
- Samhaltú staitistiúil ar aicmiú céime baitsiléara onóracha: rinneadh anailís chun patrúin agus torthaí in aicmiú céimeanna a scrúdú i roinnt institiúidí ardoideachais. Déanann an staidéar anailís ar threochtaí thar thréimhse ama trí úsáid a bhaint as meascán de shonraí deimhniúcháin QQI agus de micreashonraí ainmnithe ón UAO a bhfuarthas rochtain orthu trí Bhunachar Sonraí Fadaimseartha Oideachais (ELD) an Phríomh-Oifig Staidrimh. Dírónn sé ar chlár roghnaithe a comhaontaíodh le h-institiúidí ardoideachais rannpháirteacha agus comhcheanglaíonn sé anailís ar threochtaí cainníochtúla, samhlacha staitistiúla casta a chur i bhfeidhm, le faisnéis chomhthéacsúil faoi chlár agus cohórt, mar aon le hionchur cáilíochtúil institiúideach chun tacú le léirmhíniú na bpatrún a tugadh faoi deara.

Iarratas ó QQI ar dheimhniú ISSCoP le haghaidh sonraí a bhaineann le dámhachtainí QQI

Ag an am céanna, mar thoradh ar an obair a leagtar amach thuas, ceapadh beartas [Sonraí Oscailte](#) maidir le deimhniú QQI i R4 2025, mar aon le prótacail a sainítear go soiléir agus a rialaíonn rochtain taighdeoirí ar mhicreashonraí. Neartaíonn na sonraí seo rialú sonraí, cáilíocht agus rúndacht staitistiúil, agus tacaíonn siad le bainistíocht chórasach sonraí le haghaidh cuspóirí staitistiúla.

Tá an obair seo lárnach do dhul chun cinn QQI i dtreo chomhlíonadh [Chód Cleachtais Chóras Staitistiúil na hÉireann](#) (ISSCoP). Is é ISSCoP an creat cáilíochta náisiúnta do Staitisticí Oifigiúla in Éirinn, arna chomhordú ag an [Lár-Oifig Staidrimh](#), agus leagtar amach ann prionsabail a bhaineann le neamhspleáchas gairmiúil, inrochtaineacht agus soiléireacht, tiomantas do cháilíocht, tráthúlacht, agus rúndacht staitistiúil. Soláthraíonn comhlíonadh ISSCoP dearbhú go soláthraítear staitisticí ar bhealach atá oibiachtúil, trédhearcach agus fónta ó thaobh na modheolaíochta de, agus tá sé riachtanach chun iontaoibh agus muinín a chothú in aschur oifigiúil staitistiúil. Is tacú é comhlíonadh ISSCoP a fháil chun aschuir QQI a ainmniú mar Staitisticí Oifigiúla agus is é an bonn eolais le bunú ról Oifigeach Idirchaidrimh Sonraí QQI.

Treoir agus ceannaireacht smaointeoireachta i gcúrsaí measúnachta agus intleachta saorga a chomhroinnt le soláthraithe

Gearr-thuarascáil ar intleacht shaorga i gcúrsaí breisoideachais, ardoideachais agus oideachais mhúineadh an Bhéarla a fhoilsiú

I Nollaig 2024, chuir QQI tús le tionscadal bailithe sonraí chun tacú lena thuiscint ar impleachtaí na hintleachta saorga do chóras oideachais threasaigh na hÉireann. D'iarr QQI sonraí ar thuairimí, úsáidí agus freagairt na

bpríomhpháirtithe leasmhara ó earnálacha breisoideachais agus oiliúna, ardoideachais agus oideachais mhúineadh an Bhéarla in Éirinn.

Mar chuid de seo, bhí fonn ar QQI cloisteáil ó fhoghlaimeoirí agus ó bhaill foirne sa bhreisoideachas, ardoideachas agus i múineadh an Bhéarla trí shuirbhéanna ar líne. D'iarr QQI faisnéis freisin ó sholáthraithe oideachais agus oiliúna ar chúraimí agus ar fhreagraí eagraíochtúla.

I gcás na suirbhéanna ar fhoghlaimeoirí agus ar bhaill foirne, bailíodh sonraí idir Nollaig 2024 agus Feabhra 2025 trí SurveyMonkey agus rinne QQI anailís orthu trí bogearraí Tableau agus SurveyMonkey a úsáid. D'fhoilsigh QQI [Tuarascáil ar Shuirbhé ar Intleacht Shaorga Ghiniúnach 2025](#), anailís ar thorthaí na suirbhéanna, agus [Anailís Staitistiúil](#) ar fhreagraí suirbhé in 2025 ag gabháil leis. Chuimsigh na suirbhéanna 1,229 ball foirne agus 1,005 foghlaimeoir, agus fiosraíodh a gcuid eolais, dearchtaí, tacaíocht institiúideach, agus a n-ionchais faoi thionchar IS Giniúnach ar an oideachas agus ar an ionad oibre.

Aibhsítear sna torthaí na castachtaí agus na dearchtaí difriúla atá ann i leith IS Giniúnach san oideachas. Leagadh béim ann ar an ngá práinneach le beartais shoiléire, oiliúint chuimsitheach, agus comhtháthú machnamhacha i gcás uirlisí IS Giniúnach chun sochair chothroma a chinntiú agus chun ionracas acadúil a choinneáil, agus foghlaimeoirí á n-ullmhú ag an am céanna le haghaidh na hoibre agus na foghlama amach anseo.

Tuairisceoidh QQI torthaí na bhfreagraí ó sholáthraithe a bhaineann le cúrsaí agus cur chuige eagraíochtúla in 2026.

Measúnú a athshamhlú: anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil ar an éagsúlacht i rangú céimeanna baitsiléara onóracha 2012-2022 a fhoilsiú

I rith 2024-2025, chomhoibrigh QQI agus forais eile bronnta céimeanna ar anailís cháilíochtúil

agus chainníochtúil ar éagsúlachtaí ar rangú céimeanna baitsiléara onóracha idir 2012-2022. In 2025, rinne QQI meitea-anailís ar na torthaí institiúideacha agus ar chás-staidéir clár mar aon le samhaltú staitistiúil. Roinnfear an dréacht-tuarascáil le hinstitiúidí rannpháirteacha sa chéad leath de 2026.

Anailís ar leibhéal an chórais ar ár bhfaireachán bhlíantúil agus ar ár measúnú tréimhsiúil ar sholáthraithe a fhoilsiú, ina n-úsáidfear intleacht shaorga nuair is cuí

Anailís théamach ar thuairisciú cáilíochta bliantúil 2025 & scaipeadh na dtorthaí

I mí Dheireadh Fómhair 2024, sheol QQI a phróiseas Tuairiscithe ar Cháilíocht Soláthraithe (PQR) do sholáthraithe breisoideachais agus oiliúna a raibh caidreamh athbhunaithe acu nó a raibh Rochtain Tosaigh ar Bhailíochtú clár as a leanann dámhachtainí QQI déanta acu. Is é an t-athbhunú caidrimh an próiseas a chuir QQI i bhfeidhm chun cabhrú le soláthraithe a bhí i mbun oibre le gníomhaireachtaí réamhtheachta QQI nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta athbhreithnithe a chur faoi bhráid QQI lena gceadú. Cuireann an Tuairisciú ar Cháilíocht Soláthraithe ar chumas soláthraithe tuairisciú a dhéanamh ar a ndul chun cinn maidir le nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta a ceadáíodh trí athbhunú caidrimh nó tuairisciú ar cháilíocht soláthraithe a leabú agus a fheabhsú, agus tacaíonn sé le scaipeadh an dea-chleachtais ar fud na hearnála.

D'úsáid 84 soláthraí BOO phríobháideacha, phobail agus deonacha sonraí deimhniúcháin arna soláthar ag QQI chun Tuarascálacha ar Cháilíocht Soláthraithe a chur isteach in 2025. Leanfaidh an tuairisciú ar aghaidh go dtí 2026, agus tá sé beartaithe ag QQI anailís théamach a dhéanamh ar na tuarascálacha. Tabharfaidh an anailís seo léargas do sholáthraithe, do QQI, agus do gheallsealbhoirí eile ar fhorbairtí laistigh den earnáil ó athbhunaíodh an caidreamh.

Anailís théamach ar thuairiscí a táirgeadh i bpróisis bailíochtaithe clár QQI 2018-2024

I mí na Samhna 2025, chuir QQI, i gcomhar le foireann taighde, tús le tionscadal chun anailís théamach a dhéanamh ar thuairiscí bailíochtaithe QQI ó Mheán Fómhair 2018 go 2024, ina ndearnadh anailís ar théamaí, treochtaí agus éifeachtacht an tuairiscithe.

Is é QQI an príomhfhóras cáiliúcháin reachtúil do cháilíochtaí oideachais in Éirinn, agus an ghníomhaireacht sheachtrach dearbhaithe cáilíochta san earnáil bhreisoideachais agus oiliúna agus san earnáil ardoideachais neamhspleách. Cuireann tuarascálacha bailíochtaithe clár QQI foinse shaibhir agus uathúil faisnéise ar fáil maidir le nádúr athraitheach an tsoláthair laistigh de na hearnálacha faoi seach. Chomh maith leis sin, chuimsigh an tionscadal anailís ar ghníomhaíochtaí bailíochtaithe QQI don tréimhse seo féachaint cad iad na treochtaí agus na tréithe atá ag teacht chun cinn. Táthar ag súil le tuarascáil ar thorthaí na hanailíse seo in 2026.

Tionchar na léargas, an taighde agus na hanailíse a uasmhéadú trí chumarsáid éifeachtach ar fud na n-ardán uile

Tosaíochtaí taighde QQI 2025-27

Mar chuid de thosaíocht straitéiseach QQI léargais, taighde agus anailís luachmhar ar fud an chórais a chomhroinnt leis an earnáil, chuir sé roimhe ag deireadh 2025 a thosaíochtaí taighde inmheánacha a bhunú do na blianta amach romhainn. Cuireadh tús leis an obair seo le sraith seisiún taiscéalaíoch inmheánach le rannóga ar fud QQI chun smaointe tosaigh féideartha, réimsí spéise nó imscrúdaithe a bhailiú. Leanfaidh an próiseas seo ar aghaidh isteach in 2026.



Tosaíocht 4:

Comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhoimhniú

Bonn eolais a chur faoin mbeartas oideachais agus oiliúna agus tionchar a imirt orthu trínár gcaidreamh leis an rialtas, le maoinitheoirí poiblí, le soláthraithe agus a gcomhlachtaí ionadaíocha, agus le geallsealbhóirí eile

Dul i mbun oibre le geallsealbhóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta tábhachtacha atá bainteach le haitheantas agus le haitheantas réamhfhoghlama, maidir le smaointeoireacht, cleachtas agus cur i bhfeidhm reatha, lena n-áirítear tacaíocht do DFHERIS chun treochlár beartais a bhunú

Lean QQI de thacaíocht a thabhairt chun Lónra Cleachtóirí Aitheantas Réamhfhoghlama (AR) Éireann a fhorbairt, ar pobal cleachtais é do dhaoine atá ag obair agus a bhfuil suim acu in AR, trína n-éascaítear deiseanna líonraithe d'éagsúlacht na gcleachtóirí AR, chomh maith le hardán a sholáthar chun feasacht a mhúscailt faoi AR agus le haghaidh comhoibriú chun bonn eolais a chur faoi bheartas, bheith páirteach ann agus ionchur a dhéanamh ann ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cheiliúir an Lónra cothrom 10 mbliana in 2025, a marcáladh le hócáid i mBaile Átha Luain ar an 5 Samhain dar teideal [‘Building a Culture of Recognition’](#).

Bíonn QQI ag plé go hidirnáisiúnta i gcónaí, leis, ar chúrsaí a bhaineann le AR agus an gaol idir é agus aitheantas do cháilíochtaí. Ar an 27 Bealtaine 2025, chuir QQI ceardlann i láthair i gcomhpháirtíocht leis an gCoimisiún Eorpach ag Cruinniú Comhpháirteach ENIC-NARIC

in Tírana, dar teideal ‘A holistic approach to flexibility and lifelong learning: Recognition and RPL, policy and practice at EU and national level’ [ENIC-NARIC ANNUAL JOINT MEETING 2025 WORKSHOPS COMPENDIUM](#).

Tacú leis an bhFóram Comhairleach um Chreat Náisiúnta d'Oideachas Dochtúireachta, faoi chomhcheannas QQI agus an UAO. Bainistiú agus comhoibriú a dhéanamh le geallsealbhóirí trí na grúpaí oibre a thuairiscíonn don Fhóram Comhairleach um an gCreat Náisiúnta d'Oideachas Dochtúireachta (NFDE)

Bhí ceithre chruinniú ag an bhFóram Comhairleach um Chreat Náisiúnta d'Oideachas Dochtúireachta (NFDE), faoi chomhcheannas an Údaráis um Ardoideachas agus Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, in 2025. I measc bhaill an fhórait tá ionadaithe ó institiúidí a thairgeann oideachas dochtúireachta in Éirinn, gníomhaireachtaí stáit, ranna rialtais, comhlachtaí maoinithe, agus ionadaithe mac léinn.

I mí Aibreáin, tugadh cuireadh do QQI ionchur a bheith acu i gComhdháil Lónra PRIDE (Cumann na nGairmithe in Oideachas Dochtúireachta) ‘Back to the Future. The Next Two Decades of Doctoral Education’ ag Ollscoil London. Aibhsíodh i gcur i láthair QQI ról an NFDE agus na hacmhainní a táirgeadh go comhoibritheach trí na grúpaí oibre a thuairiscíonn don fhóram comhairleach.

I gcomhar le Cumann Ollscoileanna na hÉireann (IUA), chomhurraigh QQI Siompóisiam na nDéan um Staidéar Iarchéime IUA i mí an Mheithimh 2025 in Ollscoil Mhá Nuad. Ba é téama an siompóisiam ‘Reflecting on Doctoral Supervision: Innovations, Challenges and Future Directions’. Díriodh i bpríomhóráid an tsiompóisiam ar úsáid na hintleachta saorga

i dtaighde dochtúireachta. Áiríodh leis an gcomhdháil cur i láthair ó shaineolaithe aonair in oideachas dochtúireachta, agus ó AHEAD, an IUA, agus QQI.

Fóram Soláthraithe Earnála Pobail/Deonai (CVS)

In 2025, d'óstáil Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann cruinnithe ar líne dá Fhóram Soláthraithe Earnála Pobail/Deonai. Thug na cruinnithe deiseanna do sholáthraithe a dtuairimí a roinnt ar a dtaithí ar Chaighdeán Dámhachtana Díorthaithe Clár QQI a úsáid agus tuilleadh a fhoghlaim faoi bhailíochtú clár agus faoi riachtanais QQI maidir le hiarratais ar sholáthar cumaiscthe agus lán-ar líne.

Ceannaireacht a thabhairt ar líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun dul i ngleic leis na bagairtí méadaitheacha ar ionracas acadúil

Gníomhaíocht rialála

Déanann QQI faireachán leanúnach ar na meáin shóisialta agus ar ardáin fógraíochta ag cuardach sáruiithe féideartha ar [Alt 43A den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta \(Oideachas agus Oiliúint\) \(Leasú\) 2019](#) (“an tAcht”) agus chun treochtaí nó téamaí a aithint i bhfógraíocht do sheirbhísí caimiléireachta conarthaí. Agus an fheidhm seo á comhlíonadh aige, tá línte tuairiscithe gníomhacha ag QQI faoi láthair le TikTok agus YouTube (Google), mar aon le DoneDeal, Adverts agus Gumtree. Cé nár aithníodh aon sáruiithe ar an Acht ar na trí ardán dheireanacha le beagnach bliain, déanann QQI faireachán leanúnach orthu. I gcodarsnacht leis sin, tá sáruiithe ar an Acht ar TikTok agus YouTube (Google) aitheanta ag QQI go rialta, agus tuairiscíodh gach ceann acu do na hardáin lena mbaineann. Idir Deireadh Fómhair 2024 agus Meán Fómhair 2025, baineadh 100% den ábhar a thuairiscigh

QQI do TikTok agus YouTube (Google).

Ábhar arna thuairisciú ag QQI agus arna bhaint ag gach ardán faoi seach:

- TikTok - 81 tuairisc ar ábhar a sháraigh Alt 43A
- YouTube - 84 tuairisc ar ábhar a sháraigh Alt 43A

Fáiltíonn QQI roimh chomhoibriú leanúnach na n-ardán seo chun dul i ngleic le fógart acmhainní caimiléireachta conarthaí. Ina theannta sin, tugann QQI faoi deara go bhfuil na meáin shóisialta agus ardáin eile tiomanta do fhreagracht chorparáideach a léiriú agus gníomhú chun cosc a chur ar sheirbhísí caimiléireachta conarthaí a bheith á bhfógairt. Léiríonn ardáin an tiomantas seo trína gcaighdeáin agus a dtreoirilínte pobail. Mar shampla, luaitear “*ábhar trína soláthraítear treoracha do chaimiléireacht acadúil*” i [mbeartais earraí nó seirbhísí mídhleathacha nó rialáilte YouTube](#) mar ábhar nach bhfuil ceadaithe ar YouTube. Ar an gcaoi chéanna, deirtear i [dtreoirilínte Meta](#) nach gceadaítear ar an ardán ábhar “*trína ndéantar páipéir scrúduithe nó leatháin freagraí todhchaí a chomhroinnt, a dhíol, a thrádáil nó a cheannach, ná táirgí nó seirbhísí trína gcumasaítear caimiléireacht i scrúduithe*”.

Tugann infheictheacht na ngealltanas seo laistigh de chaighdeáin agus de threoirilínte an ardáin deis do dhaoine aonair fógraí féideartha do sheirbhísí caimiléireachta a thuairisciú trí bhealaí tuairiscithe poiblí an ardáin.

An Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil

Is líonra piarthiomáinte é an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil (NAIN), a bhunaigh QQI i mí na Samhna 2019. Cuimsíonn an líonra ballraíocht ó sholáthraithe breisoideachais agus ardoideachais, institiúidí, mic léinn

agus ionadaithe mac léinn, gníomhaireachtaí stáit agus eagraíochtaí a oibríonn sa bhreiseoideachas agus san ardoideachas in Éirinn.

Ceapadh Cathaoirleach nua ar NAIN, an Dr Mary-Clarie Kennedy, Ollscoil Luimnigh, in éineacht le coiste stiúrtha nua i mí an Mheithimh 2025, lena n-áirítear an Dr Justin Tonra, Ollscoil na Gaillimhe, a ceapadh ina Leas-Chathaoirleach ar NAIN.

Tá a dtéarmaí tagartha nuashonraithe ag NAIN agus ag Coiste Stiúrtha NAIN, atá ar fáil lena léamh anseo: [Líonra Náisiúnta Ionracas Acadúil | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann](#)

Ba mhaith le QQI buíochas a ghabháil agus aitheantas a thabhairt d'obair iar-Chathaoirleach NAIN, Billy Kelly agus do choiste stiúrtha NAIN a chuir go mór le bunú agus le dul chun cinn NAIN ó 2019-2025.

Straitéis NAIN 2025-2028

Seoladh Straitéis NAIN 2025-2028 le linn Seachtain Náisiúnta an Ionracais Acadúil i mí Dheireadh Fómhair 2025; is linn na seachtaine seo a eagraítear Lá Idirnáisiúnta an Ionracais Acadúil faoi stiúir an Ionaid Idirnáisiúnta um Ionracas Acadúil (ICAI).

Is iad 4 sprioc na straitéise ná:

- cumhacht a thabhairt do chomhaltaí NAIN le cultúr ionracais acadúil a chothú
- ceannaireacht agus maoirseacht a sholáthar i réimse an ionracais acadúil sa bhreiseoideachas agus san ardoideachas
- acmhainní a fhorbairt, a chomhordú agus a scaipeadh chun cabhrú le páirtithe leasmhara ar fud na hearnála seasamh le hionracas acadúil
- an líonra a fhorbairt agus a fheabhsú trí

rannpháirtíocht agus comhoibriú a éascú idir baill NAIN agus gníomhaireachtaí agus saineolaithe Eorpacha agus idirnáisiúnta ábhartha.

Tá cúig ghrúpa oibre bunaithe chun tacú le cur i bhfeidhm Straitéis NAIN. Tá sainchúraimí sonracha ag na grúpaí seo agus dírónn siad ar réimsí éagsúla lena n-áirítear ionracas agus nuálaíocht measúnaithe, rannpháirtíocht agus comhpháirtíocht foghlaimeoirí agus cumarsáid agus for-rochtain.

Tá an straitéis foilsithe ar shuíomh Gréasáin QQI anseo: [nain-strategy-2025-2028.pdf](#)

Academic Integrity: National Principles and Lexicon of Common Terms Version 2

Foilsíodh *Academic Integrity: National Principles and Lexicon of Common Terms Version 2* i mí na Nollag 2025 agus thóg sé ar an leagan níos luaithe, a foilsíodh in 2021. Tacaíonn an doiciméad seo leo siúd atá ag obair in oideachas tríú leibhéal trí theanga chomhsheasmhach agus tuiscint chomhroinnte ar ionracas acadúil a chur chun cinn.

Dírónn an foilseachán ar phrionsabail d'fhoghlaimeoirí agus do sholáthraithe, lena n-áirítear:

- macántacht, iontaoibh, cothroime, meas agus freagracht i ngach obair acadúil
- cumarsáid shoiléir ar ionchais agus smachtbhannaí as mí-iompar
- tacaíocht d'úsáid chuí na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear IS.

Máistir-rang NAIN

I mí an Mheithimh 2025, chomhoibrigh an Lárionad um Ionracas Acadúil Náisiúnta (NAIN) agus QQI leis an Ionad um Thaighde, Beartas

agus Cleachtas Measúnaithe san Oideachas (CARPE) agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) chun máistir-rang a óstáil leis an Ollamh Phillip Dawson, Comhstiúrthóir an Ionaid um Thaighde sa Mheasúnú agus san Fhoghlaim Dhigiteach (CRADLE), Ollscoil Deakin. Reáchtáladh an máistir-rang dar teideal ‘Assessment design for a time of artificial intelligence (Dearadh measúnaithe do ré na hintleachta saorga)’ in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Chuir an Dr Mary-Claire Kennedy, Cathaoirleach NAIN, an tOllamh Dawson faoi agallamh freisin do Shraith Podchraoltaí NAIN agus tá an eipeasóid ar fáil ar Chainéal YouTube QQI anseo: [NAIN Podcast Series: Professor Phillip Dawson on Assessment design in a time of AI](#).

An Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil

Is comhthionscnamh comhpháirteach de chuid QQI agus an Tertiary Education Quality and Standards Agency (TEQSA), rialtóir ardoideachais na hAstráile, é an Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil (GAIN). Is cuibhreannas é de ghníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta, údaráis cáilíochtaí agus eagraíochtaí eile a bhfuil sainchúram acu maidir le hionracas acadúil.

Tá sé mar aidhm ag an líonra comhroinnt faisnéise, sonraí agus cur chuige maidir le caimiléireacht chonarthaigh agus caimiléireacht acadúil a éascú. Tacaíonn sé seo, ar a seal, le feachtas a mhúscailt i measc na mball agus le cur chuige coitianta, domhanda a fhorbairt chun cur isteach ar an tionscal atá tar éis fás timpeall ar chaimiléireacht chonarthaigh agus caimiléireacht acadúil.

Bíonn cruinnithe ráithiúla ag GAIN agus le linn 2025 fuarthas nuashonruithe ó bhaill an líonra ar thaighde ar ionracas acadúil a rinne acadóirí agus gníomhaireachtaí i mballtíortha, ar threochtaí nua i dtionscal na caimiléireachta conarthaí, agus ar ionracas taighde.

Faoi dheireadh 2025, bhí GAIN tar éis fás go 48 ball ó chúig mhór-roinn ar fud 37 tír. Tá GAIN á fhorhuiniú ag an gCumann Eorpach um Dhearbhu Cáilíochta san Ardoideachas (ENQA); an Líonra Eorpach um Ionracas Acadúil (ENAI); Comhairle na hEorpa agus Aontas Eorpach na Mac Léinn.

Rannpháirtíocht idirnáisiúnta maidir le hionracas acadúil

Rinne QQI cur i láthair ar ionracas acadúil agus ghlac sé páirt i bplé painéil iomlánach ag an gComhdháil Eorpach ar Eitic agus ar Ionracas san Acadamh (ECEIA) a tionóladh in Ollscoil Uppsala i mí an Mheithimh 2025. D'éirigh le QQI freisin ina iarratas chuig Líonra Ionracais Acadúil na hEorpa (ENAI) chun comhdháil ECEIA 2027 a óstáil in Éirinn, den chéad uair.

I mí Dheireadh Fómhair, tugadh cuireadh do QQI ionchur a bheith acu sa 6ú Fóram Ilchríochach de chuid Chreat Cáilíochtaí Ilchríochacha na hAfraice (ACQF), d'fhoirneadh a bhallaíocht sa Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil (GAIN) san Afraic a leathnú. I measc bhaill thíortha na hAfraice faoi láthair tá an Chéinia, an Namaib, an tSeineagáil, an Afraic Theas agus an tSaimbia.

Chomhoibrígh NAIN agus QQI le hOllscoil Bournemouth ar a sraith seimineár gréasáin maidir le hionracas acadúil in 2025, inar díriodh ar shaineolaithe idirnáisiúnta a chomhroinn taighde ar ionracas acadúil le déanaí.

Cuidiú le meicníochtaí a fhorbairt chun ról éifeachtach a thabhairt d'fhoghlaimoirí i gcáilíochtaí a gcuid oideachais agus oiliúna trínár gcuid oibre le forais éagsúla ionadaíocha agus tacaíochta d'fhoghlaimoirí

Obair QQI le foghlaimoirí

Lean QQI de bheith ag plé le hionadaithe foghlaimoirí i ngach ceann dá fheidhmeanna agus dá chlár rannpháirtíochta in 2025. Áiríodh leis seo plé díreach le forais ionadaíocha amhail Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMÉ) agus rannpháirtíocht i bhFóram Náisiúnta na bhFoghlaimoirí BOO, arna óstáil ag AONTAS.

Ghlac QQI páirt freisin i moltóireacht agus in urraíocht ar Chatagóir Guth an Fhoghlaimora ag Dámhachtainí Aontas STAR 2025 agus i bhFeachtas Oideachais na Bliana ag Dámhachtainí Gnóthachtála Mac Léinn AMLÉ 2025.

An Clár Náisiúnta Teagmhála le Mic Léinn

Tá tacaíocht á fáil ag an gClár Náisiúnta Teagmhála le Mic Léinn (NStEP) trí chomhpháirtíocht idir QQI, an tÚdarás um Ard-Oideachas (UAO) agus AMLÉ ó bunaíodh é in 2016. Is é fíis NStEP a bheith mar bhonn eolais do thórdhreach ardoideachais na hÉireann, an tórdhreach sin a threorú agus a thacú chun rannpháirtíocht mac léinn agus comhpháirtíochtaí bríocha foirne-mac léinn a chothú laistigh d'institiúidí agus lasmuigh díobh.

Clár Oiliúna Mac Léinn

Chun tús a chur leis an mbliain acadúil 2024-2025, reáchtáil NStEP a imeacht bliantúil Cuir Oiliúint ar an Oiliúnóir i mí Lúnasa 2024, trínár ullmhaíodh ábhar oiliúnóirí chun a seisiún

Chlár Oiliúna do Mhic Léinn a sheachadadh. Sheachaid NStEP 65 seisiún oiliúna do mhic léinn an bhliain acadúil seo, inar cuireadh oiliúint ar 703 mac léinn sna modúil oiliúna go léir. Thug sé seo líon iomlán na mac léinn ar chuir NStEP oiliúint orthu ag deireadh na tréimhse seo go 7,701.

Fuarthas sruth seasta iarratas ar Athbhreithneoirí Mac Léinn i rith na bliana acadúla 2024-25 - breis is 80 iarratas. Ghlac níos mó ná 70 athbhreithneoir mac léinn páirt i Linn Athbhreithneoirí Dearbhaithe Cáilíochta na Mac Léinn do 2024/-25.

An Líonra Náisiúnta Rannpháirtíochta larchéime

Ag deireadh 2025, bhunaigh NStEP agus AMLÉ an Líonra Náisiúnta Rannpháirtíochta larchéime, ar tionóladh a chéad chruinniú i mí na Samhna.

Comhpháirtíochtaí Nua NStEP

Glacann 30 institiúid ar fud na hÉireann páirt in NStEP lena n-áirítear na baill seo a leanas, a chuaigh isteach in 2025: Coláiste na Cathrach, Baile Átha Cliath, Coláiste IBAT, Baile Átha Cliath, an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh, agus An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Cur le dea-chleachtas i ndearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí trí chaidreamh straitéiseach a dhoimhniú le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta san Eoraip agus ar fud an domhain

Cuairt staidéir NCQAA

I mí na Nollag, d'óstáil QQI cuairt staidéir ón gCoiste Náisiúnta um Cháilíochtaí agus Creidiúnú Acadúil (NCQAA) i gCatar. Bhuaill an toscaireacht le comhghleacaithe ó Dhearbhú

Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) chun tuilleadh a fhoghlaim faoi Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (CNC). Cuireadh fáilte rompu, leis, in dhá ollscoil, lena bpróisis agus a mbeartais dearbhaithe cáilíochta a phlé.

Bhí ionchur ag toscaireacht NCQAA sa tríú himeacht feabhsúcháin cáilíochta bliantúil de chuid QQI, 'Quality in Higher Education: Sectoral findings and Enhancement showcase' ('Cáilíocht san Ardoideachas: Taispeántas torthaí earnála agus feabhsúcháin'), áit ar roinn siad dearthaí ar dhearbhu cáilíochta ó Chatar.

Gníomhaireachtaí Idirnáisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí

I gcomhréir lena meamram tuisceana idirnáisiúnta le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta, bhí cruinnithe ag QQI le feidhmeannaigh TEQSA, an Astráil, Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) agus Gníomhaireacht Dearbhaithe Cáilíochta don Ardoideachas (QAA), an Ríocht Aontaithe, le linn 2025. Dhírigh na pléití ar fhorbairtí náisiúnta le déanaí i ndearbhú cáilíochta agus i gcáilíochtaí agus ar thionscnaimh pleanála straitéiseacha.

Meamram reachtúil a úsáid leis na húdaráis um maoiniú breisoideachais agus ardoideachais chun cur le forbairt agus feabhsú cáilíochta i gcás córas oideachais chomhtháite tríú leibhéal

Meamram Tuisceana UAO - QQI

D'fhoilsigh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus an tÚdarás um Ard-Oideachas (UAO) a gceathrú meamram tuisceana (MT) i mí an Mheithimh 2025. Seo an chéad MT idir an dá eagraíocht a bhfuil bunús reachtúil leis faoin Acht um Údarás Oideachais, 2022.

Áirítear sa MT roinnt tosaíochtaí comhroinnte le haghaidh comhair, lena n-áirítear:

- ionracas acadúil
- rochtain, aistriú agus forchéimniú
- printíseacht agus céimeanna treasacha náisiúnta
- sonraí
- cur i bhfeidhm an Chreata Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta
- micridhintiúir a ndearbhaítear a gcáilíocht
- rannpháirtíocht mac léinn
- TrustEd Ireland agus dea-cháil idirnáisiúnta na hÉireann as soláthar ardchaighdeán ardoideachais a choinneáil agus a mhéadú.

Tá an meamram tuisceana foilsithe ar shuíomh Gréasáin QQI ag an nasc seo; [mou-between-the-higher-education-authority-hea-and-quality-and-qualifications-ireland-qqi-june-2025.pdf](https://www.qqi.ie/mou-between-the-higher-education-authority-hea-and-quality-and-qualifications-ireland-qqi-june-2025.pdf)

Comhpháirtíocht le forais rialála gairmiúla agus reachtúla chun córais náisiúnta creidiúnaithe gairmiúla agus bailíochtaithe acadúil clár as a leanann iontráil foghlaimoirí isteach i ngairmeacha rialaithe a chuíchóiriú.

Finding Common Ground (Teacht ar Chomhthuiscint) – caidreamh QQI le forais ghairmiúla, reachtúla agus rialála

Lean QQI dá chlár rannpháirtíochta leis na forais ghairmiúla, reachtúla agus rialála (PSRBanna) le linn 2020. Eagraíodh trí cinn d'ócáidí 'Finding Common Ground' (Teacht ar Chomhthuiscint) ar líne i míonna Feabhra agus Aibreáin agus ócáid chlabhsúir duine le duine i Samhain.

I measc na dtéamaí bhí AR, cothromaíocht a dhéanamh idir riachtanais dearbhaithe cáilíochta i seachadadh clár, creidiúnú a ailíniú le hathbhreithnithe clár, monatóireacht, agus athbhailíochtú ar chomhphróiseas measúnaithe.

CÁS-STAIDÉAR:

an chéad chomhphróiseas bailíochtaithe acadúil agus creidiúnaithe gairmiúla



I mí an Mhárta 2025, rinne QQI bailíochtú ar MSc i mBainistíocht Faisnéise agus Leabharlainne agus Dioplóma Iarchéime san Eolaíocht i mBainistíocht Faisnéise agus Leabharlainne. Ba é an próiseas bailíochtaithe seo an chéad chomhphróiseas bailíochtaithe acadúil agus creidiúnaithe gairmiúla a rinne QQI. D'oibrigh QQI le Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath (DBS) agus Cumann Leabharlann na hÉireann (LAI) chun próiseas aonair, comhtháite a dhearadh lena n-áirítear painéal coiteann agus cuairt chomhroinnte ar an láthair. Fuarthas dhá thoradh ar an gcomhoibriú seo: tuarascáil agus cinneadh bailíochtaithe arna eisiúint ag QQI, agus tuarascáil chreidiúnaithe agus cinneadh arna eisiúint ag LAI.

Tá súil ag QQI an taithí seo a leathnú tuilleadh agus cur chuige comhoibritheach comhchosúil a shaothrú le PSRBanna eile. Is é an aidhm an t-ualach rialála ar sholáthraithe a laghdú agus a chinntiú go bhfuil próisis bhailíochtaithe QQI ailínithe agus comhlántach le ceanglais rialála PSRBanna.

Tacú le méadú acmhainne sna boird oideachais agus oiliúna i gcomhpháirtíocht straitéiseach le húdaráis mhaoinithe, forais ionadaíocha soláthraithe agus geallsealbhóirí eile

Tacaíonn QQI le forbairt acmhainne agus forbairt clár nuálach ar fud na mbord oideachais agus oiliúna trí threoir dhea-chleachtais a sholáthar maidir le cúrsaí cáilíochta agus cáilíochtaí, lena n-áirítear:

- Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhu Cáilíochta do Sholáthraithe Clár Foghlama Cumaisc agus lán-Ar Líne a fhoilsiú
- caighdeán ghinearálta nua i ngnó, obair óige agus forbairt pobail
- seisiúin mhionteagaisc do sholáthraithe
- sásraí éifeachtúla a fhorbairt chun bailíochtú clár agus comhroinnt clár a éascú ar fud earnáil BOO agus oibriú i gcomhar le SOLAS chun riachtanais na hearnála a aithint.

Earnáil mhúineadh an Bhéarla a lánpháirtíú i gcreataí rialála agus dearbhaithe cáilíochta QQI, i gcomhar le forais ionadaíocha soláthraithe agus foghlaimeoirí

Ócáid Mheasúnaithe ELE

D'eagraigh Rannán Oideachais Idirnáisiúnta QQI ócáid mheasúnaithe duine le duine don earnáil ELE i mí na Samhna 2025 ag Ionad Comhdhála Ríoga Bhaile Átha Cliath. Dhá aidhm a bhí leis an ócáid seo: tacú tuilleadh le soláthraithe ELE agus iad ag ullmhú chun a measúnuithe a ailíniú leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CEFR) mar chuid de na ceanglais do sholáthraithe atá ag ullmhú chun iarratas a dhéanamh ar údarú TrustEd Ireland, agus deis a thabhairt do sholáthraithe eile, lena n-áirítear ionaid mhúineadh an Bhéarla in institiúidí ardoideachais, roghanna a iniúchadh maidir le scrúduithe inniúlachta seachtracha a

lánpháirtíú i gclár ELE.

Ba é Thom Kiddle, Stiúrthóir Institiúid Norwich um Oideachas Teanga agus Cathaoirleach ar Mheasúnú agus Creidiúnú Seirbhísí Teanga Ardchaighdeán (Eaquals), a chuir an ócáid i láthair. Bhí sé páirteach sa tionscadal ailínithe CEFR a thionscain QQI le soláthraithe in 2022. Is é aidhm an tionscadail seo tacú le soláthraithe agus iad ag ullmhú chun a n-iarratas TrustEd Ireland a chur isteach, agus tionóladh sraith ócáidí idir 2022 agus 2025.

Áiríodh ar an gclár oibre:

- athbhreithniú ar phrionsabail mheasúnaithe atá leabaithe i gCód Cleachtais ELE agus sna Treoirlínte DC do ELE
- eolas faoi raon scrúduithe ELE a nglacann geallsealbhóirí tábhachtacha leo m.sh., institiúidí ardoideachais in Éirinn, seirbhísí inimirce in Éirinn agus go hidirnáisiúnta agus fostóirí ilnáisiúnta
- fócas ar an gcaoi ar féidir ullmhúchán do scrúduithe a lánpháirtíú i ndearadh clár ELE atá bunaithe ar phrionsabail
- amharc ar fhorbairt straitéisí scrúduithe agus ar fhorbairt teanga
- cineálacha cur chuige indéanta molta do sholáthraithe chun aistriú go scrúdú nua mura gcomhlíonann na scrúduithe reatha a úsáidtear ceanglais TrustEd Ireland i dtéarmaí Rochtana, Aistrithe agus Forchéimnithe
- iniúchadh ar an gcumas tionchar dearfach a imirt ar fhoghlaimeoirí agus ar riachtanais fhoghlaimeoirí.

I measc na ndaoine a bhí i láthair bhí soláthraithe ELE ó gach cearn den tír, chomh maith le hionaid mhúineadh an Bhéarla in institiúidí ardoideachais.

Mandelan johtajuusopetus
2 minuutissa

1. Mandela johtaa demoa
2. Mandela johtaa demoa
3. Mandela johtaa demoa
4. Mandela johtaa demoa
5. Mandela johtaa demoa



Tosaíocht 5:

Eagraíocht athléimneach agus lúfar a chruthú ina soláthraítear seirbhísí freagrúla, trédhearcacha agus éifeachtacha

Ionad oibre éagsúil agus ionchuimsitheach a chruthú ina sainaitheann QOI mar fhostóir chéad rogha, trí chultúr ina gcuirtear luach ar EDI a chumasú, trí mharcanna cáilíochta san ionad oibre a bhaint amach agus trí thimpeallacht oibre hibrideach atá cumasaithe ag an teicneolaíocht a sholáthar, timpeallacht a bheidh comhsheasmhach lenár n-oibleagáidí aeráide agus inbhuanaitheachta

Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (EDI)

In 2025, chuir QOI comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú chun cinn tríd an gcaoi a bhfreastalaíonn sé ar thimpeallacht éagsúil foghlaimeoirí agus soláthraithe a neartú agus trí eagraíocht níos ionchuimsithe agus níos athléimní a thógáil agus trí thacú le seachadadh ár dtosaíochtaí straitéiseacha maidir le rialáil iontaofa agus solúbthacht eagraíochtúil.

Gníomhaíochtaí agus tionchar in 2025:

- EDIE leabaithe mar tháscaire inniúlachta sainithe sna Caighdeáin nua Ghinearálta Chomhtháite Dámhachtana don Ghnó (leibhéil 5–9)
- ábhair chúraim EDI lánpháirtithe i nDréacht-Chaighdeáin Dámhachtana

Ginearálta do Bhunriachtanais Cúnaimh Chúraim Sláinte agus Cúraim Dhírithe ar an Duine

- rochtain fheabhsaithe ar fhaisnéis d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta agus soghluaiste trí threoir NARIC Ireland atá ar fáil i dteangacha éagsúla
- luachanna corparáideacha ailínithe le prionsabail EDI trí cheardlann foirne (Feabhra 2025)
- bonnlíne EDI eagraíochtúil bunaithe trí shuirbhé uile-fhoirne chun gníomhartha a spriocdhíriú agus dul chun cinn a rianú thar thréimhse na straitéise
- méadú ar acmhainneacht foirne chun seirbhísí ionchuimsitheacha a sheachadadh trí fhoghlaím spriocdhírthe (e.g., feasacht ar mhíchumas agus ar dhisléicse, teanga ionchuimsitheach) agus tacaíochtaí Béarla Simplí a fheabhsaíonn soiléireacht agus inrochtaineacht ábhar cumarsáide QOI
- rialachas EDI leanúnach tríd an nGrúpa Stiúrtha EDI agus Líonra Seaimpíní EDI, agus faireachán déanta ar dhul chun cinn trí thuairisciú do Bhord QOI.

Moltaí ón athbhreithniú meántéarmach ar an KeepWell Mark a chur i bhfeidhm agus an marc a bhaint amach ar feadh dhá bhliain eile

D'éirigh le QOI ina iarratas athchreidiúnaithe ar ghradam KeepWell Mark™ IBEC in 2025. Roghnaíodh QOI freisin i measc na 100 Cuideachta is Fearr i gCeannaireacht Folláine i gcomhar le Business and Finance. Léiríonn na héachtaí seo tiomantas leanúnach do thimpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a chothú, áit a gcuirtear cúram d'fholláine gach fostaí i gcoirílár bheartas na heagraíochta.

Iarracht a dhéanamh chun seasamh QQI mar fhostóir chéadrogha a fheabhsú trí athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis earcaíochta agus ár Straitéis AD dírithe ar EDI 2025-2027 a chur i bhfeidhm

Tá an creat cumais lánpháirtithe go hiomlán ag QQI ina fheachtais earcaíochta leis an aidhm fórsa saothair níos solúbtha agus níos freagraí a chothú chun freastal ar riachtanais na heagraíochta, riachtanais atá ag athrú. Dearadh an creat feabhsaithe seo mar chabhair chun daoine tallannacha a mhealladh agus a roghnú ar shlí a ailíníonn le cuspóirí straitéiseacha QQI. Tá réimse conairí gairme agus deiseanna soghluaisteachta ag fostaithe, agus infheistíonn QQI i ndaoine trí oiliúint agus oideachas, straitéisí folláine agus forbairt gairme. Trí thacaíocht leanúnach, spreagtar gach fostaí chun deiseanna foghlama nua a thapú agus a bhfás gairmiúil a chur chun cinn. Cuidíonn na deiseanna a chuirtear ar fáil le saineolas agus scileanna a leathnú agus a chinntiú freisin gur féidir leis an bhfoireann ionchur lánbhríoch a bheith acu san eagraíocht agus sa phobal i gcoitinne.

I Samhain, d'fhoilsigh QQI, den chéad uair, a Thuarascáil ar an mBearna Phá ar bhonn Inscne, ina leagtar amach a thiomantas do chultúr EDI a bhunú agus a choinneáil, a bheidh mar bhonn lena chuid oibre i bhfeabhsú agus i rialáil na cáilíochta in oideachas agus oiliúint tríú leibhéal. Mar fhostóir comhdheiseanna, oibrímid chun cultúr EDI a chur chun cinn ina ndéanaimid ár ndícheall comhionannas deiseanna a chothú trínár bpróisis earcaíochta agus roghnúcháin, atá ar oscailt do chách. Tacaítear lenár bhfostaithe, nuair is féidir, trí chothromaíocht oibre is saoil agus tionscnaimh atá cairdiúil don teaghlach a chuireann socruithe oibre solúbtha ar fáil. Tairgeann QQI deiseanna foghlama agus forbartha comhghnéasacha ar bhonn leanúnach do bhaill foirne.

Tá a Straitéis AD 2025-2027 á cur i bhfeidhm ag QQI i gcónaí, chun tacú le ráiteas straitéise na heagraíochta agus é a threisiú trí ailíniú a choinneáil i ngach gné dá cuid oibre. Trí dhíriú ar phríomhchuspóirí straitéiseacha AD, geallann QQI fíis na heagraíochta a choinneáil agus dul chun cinn a thiomáint i gcomhréir le spriocanna níos ginearálta.

An Chibearshlándáil a Neartú

Príomhthosaíocht i gcónaí le linn 2025 ab ea slándáil thimpeallacht dhigiteach QQI. D'aistrigh ICT QQI go hIonad Oibríochtaí Slándála (SOC) den scoth a oibríonn 365 lá sa bhliain, 24 uair sa lá. In 2025, chuir an fhoireann breis is 1,000 paiste slándála i bhfeidhm agus chríochnaigh siad tástáil leochaileachta chuimsitheach, inar sainaithníodh agus inar réitíodh 2,011 saincheist slándála féideartha.

Laghdaigh QQI líon na bhfoláireamh slándála bréagacha freisin trí rialacha faireacháin a athbhreithniú agus a fheabhsú, rud a chabhraíonn le foireann TFC freagairt níos tapúla do na himeachtaí is tábhachtaí.

Thit foláirimh iniúchta slándála QQI go suntasach, ó 344 go 136 tar éis iarrachtaí chun é a optamú.

Bonneagar inmheánach um dhearbhu cáilíochta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear straitéis chuimsitheach sonraí agus córais éifeachtacha bainistíochta taifead

Le linn 2025, lean clár oibre inmheánach Rialachais Faisnéise agus Cáilíochta QQI de bheith ag díriú ar fheabhsuithe sainaitheanta i réimsí an dearbhaithe cáilíochta inmheánaí agus na bainistíochta taifead a chur i bhfeidhm.

Ar na gnóthachtálacha in 2025 bhí:

- inlíon nua foirne a fhorbairt agus a sheoladh

- stór nua beartas inmheánach a fhorbairt agus a sheoladh
- tionscnaimh bhliantúla de mhí glantacháin dhigitigh, lena n-áirítear feachtas feasachta foirne agus seisiúin oiliúna athnuachana ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus ar Shaoirse Faisnéise
- próiseas agus cur chuige athbhreithnithe maidir le coinneáil taifead a chur i bhfeidhm
- Cairt Chustaiméirí nua QQI agus Plean Gníomhaíochta do Chairt do Chustaiméirí a chur i dtoll a chéile.

Dul i mbun oibre leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun a chinntiú go bhfuil sruthanna cobhsaí ioncaim, intuatha agus inbhuanaithe ag QQI as a leanfaidh trédhearcacht níos fearr i dtáillí agus i muirir do sheirbhísí QQI, agus luach níos fearr ar airgead

Tuairiscíonn QQI ar thorthaí chuig a rannóg líne, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta trí Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta (PDA), ar ceanglas é faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá an PDA, a cheaptar agus a chomhaontaítear go bliantúil, nasctha le cuspóirí i bPlean Corparáideach QQI, a dhíorthaítear ó Ráiteas Straitéise QQI 2025-2027. Forbraíodh agus comhaontaíodh Comhaontú Maoirseachta gaolmhar trí bliana freisin leis an Roinn in 2024 (ina gclúdaítear an tréimhse 2024-2026). Leasaíodh an comhaontú seo níos déanaí tar éis ráiteas nua straitéise a bheith ceaptha in 2025. Bíonn cruinnithe ag QQI le hoifigigh na Roinne cúpla uair sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn faoi na comhaontuithe.

Seirbhísí do pháirtithe leasmhara a fheabhsú trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, próisis agus ardáin ghnó a dhearadh a bheidh dírithe ar an úsáideoir, agus trí acmhainneacht na hintleachta saorga a fhiosrú, ag teacht leis an treoir maidir lena húsáid i seirbhís phoiblí na hÉireann

In 2025, rinne foireann TFC QQI dul chun cinn láidir maidir le feabhas a chur ar na córais dhigiteacha a thacaíonn le soláthraithe, meastóirí agus foireann. Ba é fócas na bliana ná iontaofacht a fheabhsú, slándáil a neartú, agus seirbhísí digiteacha nua agus feabhsaithe a sheachadadh.

Seirbhísí Digiteacha Níos Fearr a Sholáthar

Lean QQI dá chórais ar líne a leathnú agus a fheabhsú. Seachadadh roinnt gnéithe nua do bhaill foirne agus do sholáthraithe araon, rud a thug 44% níos mó feabhsuithe dírithe ar ghnó agus feabhsuithe teicniúla breise chun críche, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Mar thoradh air seo, chonacthas próisis níos réidhe agus feidhmiúlacht níos fearr ar fud na gcóras ba thábhachtaí.

Bhain níos mó daoine úsáid as seirbhísí ar líne QQI ná riamh, agus tacaíodh le breis is 1,000 úsáideoir. Áiríodh leis seo méadú 150% ar líon na meastóirí agus na measúnóirí seachtracha a raibh rochtain acu ar na feidhmchláir TrustEd agus Díchill Chuí.

Feidhmíocht agus Éifeachtúlacht a Fheabhsú

Chun iontaofacht na seirbhíse a fheabhsú, mhéadaigh ICT QQI luas agus cáilíocht an tseachadta dhigitigh. D'eisigh an fhoireann ICT nuashonruithe níos minice, ceann amháin gach 1.5 lá anois, i gcomparáid le gach 2.2 lá roimhe seo, agus leathnaigh siad raon na bhfeidhmchlár a dtacaítear leo go 41 córas san iomlán.

Feabhsaíodh an dearbhú cáilíochta freisin. Thug an fhoireann isteach 141 tástáil uathobrithe, rud a laghdaigh am tástála láimhe de 295 uair an chloig agus a chuidigh lena chinntiú go bhfuil nuashonruithe nua sábháilte, cobhsaí agus iontaofa d'úsáideoirí.

Bonneagar a Nuachóiriú agus Cáilíocht Sonraí a Fheabhsú

Leanadh den obair chun córais QQI a nuachóiriú agus spleáchas ar sheanteicneolaíochtaí a laghdú. Áiríodh leis seo:

- aistriú próiseas agus tuairiscithe ó bhunachair sonraí oidhreacht go timpeallacht Azure níos sláine a thionscnamh
- sonrascadh a chomhdhlúthú ionas go n-úsáideann gach réimse den eagraíocht an cur chuige agus an córas céanna anois, as a leanann comhsheasmhacht, taithí níos fearr don úsáideoir agus laghdú ar earráidí
- athruithe ar sheirbhís IRQ de chuid QQI chun freastal ar sholáthraithe TrustEd
- uasghrádú chuig an ardán SharePoint is déanaí chun tacaíocht fhadtéarmach agus ailíniú slándála feabhsaithe le néalseirbhís Microsoft a chinntiú
- an t-inlín a fheabhsú chun comhroinnt éifeachtach faisnéise agus bainistíocht éifeachtach doiciméad a éascú.

Déanfaidh na hathruithe seo córais QQI níos éasca le coinneáil, níos sláine, agus níos ullmhaithe d'fheabhsuithe amach anseo.

Bliain de dhul chun cinn láidir digiteach do QQI ab ea 2025. Chuir ICT QQI feabhsuithe i bhfeidhm ar luas luasghéaraithe, leathnaigh siad tacaíocht d'úsáideoirí, d'fheabhsaigh siad athléimneacht chibearshlándála, agus nuashonraigh siad córais ríthábhachtacha. Cinntíonn na tionscnaimh seo, i dteannta a chéile, go gcoinníonn QQI seirbhísí digiteacha iontaofa agus ardchaighdeán d'fhoghlaimeoirí, do sholáthraithe agus don phobal.

Deimhniú foghlaimeoirí a chlaochlú ó fhoirm fhisiciúil go foirm dhigiteach

Tá QQI tar éis dul i mbun obair thaiscéalaíoch chun cineálacha cur chuige féideartha maidir le deimhniú agus fíorú digiteach a aithint trí úsáid a bhaint as ardáin náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana féin. Beidh bearta amach anseo bunaithe ar thorthaí na hoibre taiscéalaíche seo.

Na meáin shóisialta

In 2025, thug QQI tús áite do rannpháirtíocht an lucht féachana ar LinkedIn, choinnigh sé láithreacht éisteachta sóisialta ar X, agus dhún sé a gcuntas Facebook.

LinkedIn

Leantóirí: 14,431
Cuireadh 1,960 leis (méadú 15.7% ar 2024)
Ráta rannpháirtíochta in aghaidh an ráta imprisin: 9.4% (méadú 3.4% ar 2024)
300,719 imprisean (laghdú 4% ar 2024)

YouTube

Síntiúsóirí: 856 (+124)
Amhairc ar fhíseán: 23,642 (laghdú 25% ar 2024)
Imprisin: 114,546 (laghdú 19.3% ar 2024)
Ráta imprisin clíceála tríd 2.9% (laghdú 23.7% ar 2024)

X

Leantóirí: 5,282 (laghdú 2.3% ar 2024)
Rannpháirtíocht: 1.8%

The QT – nuachtlitir mhíosúil QQI

Síntiúsóirí: 1,240
Meánráta oscailte 43.3%

Foramharc ar láithreán gréasáin QQI

Úsáideoirí gníomhacha: 251,900
Ba iad úsáideoirí in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe, san India agus sa Spáinn is mó a thug cuairt ar shuíomh gréasáin QQI.



Gnóthaí Corparáideacha

Is gníomhaireacht stáit í Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) a bunaíodh faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012, agus is é an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheapann comhaltáí neamhfheidhmiúcháin an bhoird.

Comhlíonadh an Chóid Chleachtais

Comhlíonann QQI an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Chríochnaigh QQI a thuairisceán comhlíontachta bliantúil a cuireadh faoi bhráid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta i rith 2025. Cloíonn QQI leis an gCód Caiteachais Phoiblí trí:

- beartas ceannaigh agus soláthair a bheith aige ina leagtar amach go soiléir na riachtanais agus na leibhéil údarais atá ag ceannaitheoirí
- cinntiú go dtacaíonn gach mír chaiteachais neamhghnách le comhlíonadh phlean straitéiseach agus corparáideach QQI
- luach ar airgead a chinntiú i gcás gach caiteachais
- iniúchtaí a dhéanamh ar sholáthar agus ar cheannach chun a chinntiú go gcloítear le dea-chleachtas
- an fhoireann a spreagadh le bheith feasach ar chostas na seirbhísí ionas nach dtabhófar caiteachas neamhriachtanach.

Achomhairc Reachtúla

Achtaíodh ionstraim reachtúil athbhreithnithe don phróiseas achomhairc an 18 Samhain 2025. D'fhorbair agus d'fhoilsigh QQI doiciméid tacaíochta gaolmhara. Bunaíodh próiseas chun painéal achomhairc nua a earcú ó bhí téarma an phainéil roimhe seo istigh.

Comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá QQI muiníneach go bhfuil a chuid oibleagáidí faoin Acht Teangacha Oifigiúla comhlíonta aige maidir le ceanglais foilsitheoireachta agus cumarsáide do 2025.

Ceanglaítear le hAlt 10A ar fhorais phoiblí a chinntiú:

- go ndéantar 20% den fhógraíocht go léir gach bliain trí mheán na Gaeilge; agus
- go gcaitear 5% ar a laghad den bhuiséad fógraíochta bliantúil ar fhógraíocht sna meáin chumarsáide Gaeilge.

Sháraigh QQI an dá sprioc seo trí 64.06% a chaitheamh ar fhógraíocht i nGaeilge agus 6.95% den bhuiséad fógraíochta a chaitheamh ar fhógraíocht sna meáin chumarsáide Gaeilge.

Ráitis bheartais um éifeachtúlacht fuinnimh agus comhshaoil

Cuireann an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 bonn dlíthiúil faoi ghníomhaíocht aeráide san earnáil phoiblí. Ceanglaíonn sé ar gach foras poiblí a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá comhsheasmhach le huaillmhianta náisiúnta

aeráide. Ghlac QQI le Plean Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí 2021 agus tá Treochlár Gníomhaíochta Aeráide curtha i bhfeidhm ina leagtar amach na spriocanna seo a leanas:

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú de 51% faoi 2030
- An feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú go 50% faoi 2030.

Dul chun cinn in 2025:

- úsáid spáis oifige a optamú chun an t-éileamh fuinnimh a laghdú (e.g., spás a chomhdhlúthú i gcomhréir le hobair chumaisc/hibrideach)
- taisteal gnó laghdaithe trí chruinnithe físe/ ar líne a úsáid mar an réamhshocrú nuair is cuí
- dramhaíl íoslaghdaithe trí thairiscintí athúsáide agus athchúrsála do bhaill foirne le linn uasghrádú an fhoirgnimh
- tacaíocht leanúnach curtha ar fáil don Scéim Rothar chun na hOibre agus soláthar áiseanna do rothaithe
- tacaíocht leanúnach don scéim TaxSaver chun dreasacht a thabhairt do bhaill foirne iompar poiblí a úsáid
- bhain QQI Gradam Cré-umha Taistil Níos Cliste amach in 2025 ón Údarás Náisiúnta Iompair mar aitheantas ar ár dtiomantas don taisteal inbhuanaithe.

Mar chuid de phleananna chun a spleáchas ar théamh breosla iontaise a laghdú, shínigh QQI ceannteidil téarmaí i ndáil le síneadh léasa trína ngeallann a thiarna talún infheistíocht shuntasach chaipitil a dhéanamh atá dírithe ar a oifigí ar léas a athchóiriú go caighdeán rátáilte fuinnimh an-ard. Cuireadh tús leis an obair, lena n-áirítear iarratais ar dheontais, ar an tionscadal seo go déanach in 2024, agus meastar go dtógfaidh sé thart ar 24 mí le cur i gcrích.

Dualgas Comhionannais agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí

Faoin Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, ní mór do chomhlachtaí poiblí seasamh leis an gcomhionannas agus le cearta an duine ina gcuid oibre. Mar ghníomhaireacht stáit atá freagrach as dearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí san oideachas agus san oiliúint, aithníonn QQI a dhualgas deiseanna comhionanna a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta an duine a chosaint i ngach gné dá oibríochtaí.

Tá measúnú déanta ag QQI ar na fadhbanna cearta an duine agus comhionannais a chreideann sé atá ábhartha dá fheidhmeanna agus dá chuspóir. Chuidigh torthaí an mheasúnaithe seo le QQI gníomhartha tosaíochta a aithint le cur san áireamh inár bplean EDI 2025-27. Tá ár mbeartas EDI agus ár bplean gníomhaíochta le fáil ar shuíomh Gréasáin QQI agus is féidir iad a chur ar fáil freisin d'aon duine nach féidir leo rochtain a fháil orthu ar líne.

Ghnóthaigh QQI creidiúnú Infheisteoirí Cré-umha san Éagsúlacht ó Ionad Éagsúlachta na hÉireann.

Airgeadas

In 2025 fuair QQI €15,956* milliún idir Dheontas Stáit, ioncam ó tháillí, cistiú AE agus foinsí eile. Ba é €14,886* milliún an caiteachas sa tréimhse chéanna. Chosain caiteachas pá agus pinsin €8,437 milliún in 2025 (taobh amuigh de choigeartuithe FRS17).

Íocaíochtaí le Comhaltaí an Bhoird

I gcáil dheonach, go huile agus go hiomlán, a ghníomhaíonn comhaltaí an Bhoird agus níor íocadh aon táille le comhaltaí an Bhoird in 2025.

Íoctar costais chóiríochta, taistil, agus cothabhála de réir na rátaí atá socraithe ag an Roinn Airgeadais.

Ba é €8,069* costais iomlána an bhoird in 2025.

Tuarastail agus costais an Phríomhfheidhmeannaigh

Chuaigh an Dr Padraig Walsh ar scor mar Phríomhfheidhmeannach ón 31 Márta 2025. Ceapadh Ms Cliona Curley mar Phríomhfheidhmeannach eatramhach don tréimhse 1 Aibreán go 2 Samhain. Ceapadh an Dr Lynn Ramsey ina Príomhoifigeach ón 3 Samhain. Ba é €183,039 iomlán a dtuarastal faoi seach do ról an Phríomhfheidhmeannaigh:

An Dr Padraig Walsh	1/1/25 - 31/3/25	€48,081
Ms Cliona Curley	1/4/25 - 2/11/25	€106,935
An Dr Lynn Ramsey	3/11/25 - 31/12/25	€28,023
Iomlán		€183,039

Níor íocadh aon phá bainteach le feidhmíocht sa tréimhse seo. Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh an teidlíocht chaighdeánach i scéim aoisliúntais sochair shainithe eiseamláireach na hearnála poiblí. Thabhaigh an Príomhfheidhmeannach €1,299* de chostais dheimhnithe in 2025.

* Baineadh na figiúirí seo as dréacht-Ráitis Airgeadais QQI don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025. Foilsítear ráitis airgeadais iniúchta QQI ar láithreán gréasáin QQI.

Bainistíocht Riosca

Lean QQI ag bainistiú riosca i gcomhréir le Beartas Bainistíochta Riosca Mheitheamh 2022. Rinne an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin leasú agus athbhreithniú ar an gclár riosca corparáideach ar bhonn

ráithiúil. Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca é a mheas agus a fhaomhadh ag gach ceann dá chruinnithe agus déanann Bord QQI amhlaidh faoi dhó sa bhliain. Breithníodh saincheistean riosca agus forbairtí ag gach cruinniú den choiste agus den bhord araon in 2025 freisin. Áiríodh leis seo nuashonruithe rialta ar TF agus ar chibearshlándáil. Tugadh aird ar leith ar bhainistiú na bpríomhrioscaí. Bhain siad seo le samhail mhaoinithe QQI agus le neamh-intuathacht na bpríomhshruthanna ioncaim; cibearshlándáil agus sonraí; cláir agus dámhachtainí printíseachta ceardaíochta, agus bainistíocht taifead.

Príomhrioscaí

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), ceanglaítear ar QQI a dhearbhu 'sa tuarascáil bhliantúil go ndearna an tÚdarás measúnú ar phríomhrioscaí an chomhlachta Stáit, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí seo, i gcás inar cuí, agus bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara'. Rinne an tÚdarás measúnú ar na príomhrioscaí do QQI in 2025, agus a maoluithe, ag a chruinniú den 27 Feabhra 2026. Tá siad seo leagtha amach sa tábla thíos.

Príomhrioscaí QQI 2025

Aicme	Cur síos ar an riosca agus maoluithe
1	Riosca don phleanáil ilbhliantúil agus do bhaint amach na gcuspóirí inár Ráiteas Straitéise mar gheall ar easpa maoinithe ráthaithe stáit agus éiginnteacht faoi shamhail mhaoinithe QQI amach anseo. Arna mhaolú ag: • rialuithe buiséadta • tuairisciú agus athbhreithniú rialta ar chuntais bhainistíochta • samhail mhaoinithe athbhreithnithe agus beartas coinneála cúlchistí a chur isteach chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS); caidreamh leanúnach le DFHERIS maidir le táill agus muirir agus cumarsáid thráthúil ar fhorbairtí suntasacha i sreafaí ioncaim agus caiteachais.
2	An baol nach féidir le QQI a phróisis chaighdeánacha bailíochtaithe agus deimhniúcháin a chur i bhfeidhm go hiomlán ar chlár phrintíseachta ceardaíochta agus go laghdófar muinín an phobail sna cáilíochtaí gaolmhara mar gheall ar nádúr neamhghnách SOLAS mar sholáthraí oideachais agus oiliúna sa bhreis ar a ról mar rialtóir agus mar mhaoinitheoir, agus an gá atá le sreabhadh printíseach ceardaíochta cáilithe isteach sa lucht saothair a choinneáil sa tréimhse eatramhach roimh aistriú na bhfreagrachtaí lárnacha go hinstiúidí ardoideachais. Arna mhaolú ag: • maoirseacht ar obair leantach SOLAS ar an athbhreithniú fócasaithe ar Chéim 4 agus 6 den chlár printíseachta ceardaíochta leictreach • comhairle agus sonraí cuimsitheacha QQI a sholáthar chun tacú le haistriú freagrachtaí as measúnuithe curaclaim agus deimhniúcháin chuig instiúidí ardoideachais • athbhreithniú ar bheartas monatóireachta QQI
3	An riosca go ndéanfar córais ghnó, próisis agus sonraí QQI a thruailliú de dheasca imeacht cibearshlándála nó sárú sonraí. Arna mhaolú ag: • rialuithe chun rochtain shlán ar acmhainní agus córais QQI a chinntiú • leathnú ar ghníomhaíocht um chosc caillteanas sonraí, ionad oibríochtaí slándála seachtrach neamhspleách nua • athbhreithniú rialta ar theagmhais agus scanadh leochaileachta, beartais láidre maidir le himeacht agus teacht isteach, cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta maidir le hathléimneacht chibearshlándála • an plan téarnaimh ó thubaiste a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú, agus dul i mbun oibre ar théarnamh ó thubaiste • athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ar bheartas GDPR agus RoPA.
4	An riosca nach gcuirfear córas éifeachtach bainistíochta taifead i bhfeidhm go neamh-chomhsheasmhach ar fud na heagraíochta mar gheall ar easpa tacaíochta foirne agus bainistíochta cuí. Arna mhaolú ag: • beartas maidir le beartas bainistíochta taifead, coinneáil sonraí agus beartas sonraí oscailte a chur i bhfeidhm • oifigeach sonraí oscailte a oscailt • stór lárnach de phróisis agus de bheartais ghnó a bhunú, inlíon nua a chur ar fáil de réir a chéile.

Cosaint Sonraí

Geallann QQI cearta agus príobháideacht daoine aonair a chosaint ar aon dul leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998 agus 2018. Forálann an tAcht do bhailiú agus d'úsáid sonraí ar bhealach freagrach agus cuireann sé cosc ar úsáidí neamh-inmhianaithe nó díobhálacha sonraí. Déanann QQI maoirseacht leanúnach ar a leibhéal comhlíontachta chun a chinntiú go bhfuil socruithe agus bonneagar leordhóthanach i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais an Ahta um Chosaint Sonraí 2018.

Nochtuithe Cosanta

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um Nochtuithe Cosanta 2014 ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a choinneáil chun gur féidir le hoibrithe atá, nó a bhí, fostaithe ag an gcomhlacht poiblí nochtuithe cosanta a dhéanamh agus chun déileáil le nochtuithe den sórt sin.

Ráiteas Comhlíonadh an Ahta

Deimhníonn QQI:

- gur bhunaigh sé bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha i gcomhréir leis an Acht
- gur bhunaigh sé bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha i gcomhréir leis an Acht
- gur sholáthair sé don Aire an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Acht i gcomhréir le hAlt 22 (1) do 2025

Tuarascálacha ar Nochtuithe Cosanta 2025

Ní bhfuarthas aon tuarascálacha inmheánacha in 2025. Fuarthas seacht gcinn de thuarascálacha seachtracha in 2025. Díobh seo, tarchuireadh cúig cinn

ó dhaoine forordaithe eile agus ó Oifig an Choimisiúin um Nochtuithe Cosanta. Rinneadh dhá thuarascáil go díreach chuig Príomhfheidhmeannach QQI mar an duine forordaithe.

As na tuarascálacha uile a fuarthas, measadh nach raibh trí cinn laistigh de shainchúram QQI; fuarthas go raibh fianaise *prima facie* i gceann amháin ar mhí-iompar féideartha agus tá na nithe a tarraingíodh anuas faoi imscrúdú; ní raibh fianaise *prima facie* ar mhí-iompar i gceann amháin agus dúnadh é; ba thuairisc athráiteach í tuarascáil amháin agus dúnadh í agus bhí tuarascáil amháin fós le measúnú.

Tugadh dhá thuairisc a ndearnadh imscrúdú orthu in 2024 ar aghaidh go dtí 2025. Dúnadh ceann amháin díobh seo agus cuireadh na nithe faoi bhráid nós imeachta eile. Bhí an dara tuarascáil fós ar oscailt ag deireadh 2025.

Gearáin faoin tSeirbhís in 2025

Ní bhfuair QQI aon ghearáin faoin tseirbhís in 2025.

Rialuithe Inmheánacha agus Timpeallacht Rialaithe

Feidhmíonn QQI córas rialaithe inmheánaigh ar próiseas é a chuireann Bord QQI, an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, agus pearsanra eile i bhfeidhm, atá deartha chun dearbhú réasúnach a sholáthar maidir le baint amach cuspóirí sna catagóirí seo a leanas:

- rioscaí maidir le dualgais reachtúla QQI a chomhlíonadh agus cuspóirí a bhaint amach mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise.
- iontaofacht an tuairiscithe airgeadais.
- comhlíonadh na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme.

- comhlíonann gach idirbheart airgeadais caighdeáin rialtacha agus cuibhis mar atá sainmhínithe ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Rialuithe Inmheánacha

Níor tharla aon sárú ar na rialuithe inmheánacha in 2024.

An Timpeallacht Rialála

Ionchorpraítear sa timpeallacht rialaithe arna oibriú ag QQI:

- beartais, próisis agus gnásanna um rialuithe inmheánacha airgeadais
- bainistíocht acmhainní daonna
- an creat um bainistiú rioscaí
- próiseas an chláir rioscaí
- próisis slándála agus rialaithe TFC
- próisis agus gnásanna chun dámhachtainí a dhéanamh agus a dheimhniú
- bainistíocht agus stiúradh foriomlán na heagraíochta ag an PF agus na stiúrthóirí.

Lean an Coiste Iniúchta agus Riosca dá ról maoirseachta a oibriú laistigh de QQI de réir théarmaí tagartha an choiste.

Calaois

Níor nochtadh ná níor aimsíodh aon chásanna calaoise ná amhras faoi chalaois le linn 2025, agus níor tuairiscíodh aon chásanna calaoise don AD, don PF, don iniúchóir inmheánach ná don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca le linn na bliana.

Conclúid

Tá córas rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh i QQI deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal réasúnta, seachas gach riosca teipe a dhíchur agus

aidhmeanna agus cuspóirí á mbaint amach. Tá bainistíocht shinsearach QQI freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh. Tá obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha mar bhonn le faireachán agus athbhreithniú an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

D'fhostaigh an coiste Forvis Mazars chun athbhreithniú bliantúil seachtrach neamhspleách a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha do 2025 mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca lena breithniú agus lena cheadú ag an gcruinniú den 13 Feabhra 2026. Ceadaíodh é a chur faoi bhráid Bhord QQI lena bhreithniú ag a chruinniú ina dhiaidh sin ar an 27 Feabhra 2026.



Struchtúr Rialachais

Bord QQI

Bord de dheichniúr comhaltaí, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach, is ea a rialaíonn QQI. An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheapann baill neamhfheidhmiúcháin an Bhoird. Ar chúraimí an bhoird tá ceadú na gcuntas airgeadais, beartas, ráitis straitéise, pleananna corparáideacha agus tuarascálacha bliantúla.

Déanann an bord cinntí maidir le feidhmeanna éagsúla lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:

- ullmhú agus glacadh an ráitis straitéise
- pleanáil straitéiseach, pleanáil chorparaideach agus ceadú na gcuntas bliantúil
- ceadú na ráiteas airgeadais
- ceadú gach beartais agus cur chuige i leith beartais
- ceadú nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta a aistarraingt
- bailíochtú clár a tharraingt siar
- údarás a tharmligean do sholáthraí chun dámhachtainí a dhéanamh
- údarás tarmligthe chun dámhachtainí a dhéanamh a aistarraingt nó a éagsúlú

Tá feidhmeanna aige, leis, i ndáil le cláir a bhailíochtú, comhdámhachtainí, agus rochtain, aistriú agus forchéimniú. Tugann roinnt coistí faoi leibhéal an Bhoird cúnamh le rialachas acadúil agus le réimsí tábhachtacha eile rialachais, agus is comhaltaí den Bhord atá ar na coistí sin.

Ballraíocht

An tOllamh Irene Sheridan (Cathaoirleach)

An Dr Pádraig Walsh (Príomhfheidhmeannach)
(ar scor ón 31 Márta 2025)

Ms Cliona Curley (Príomhfheidhmeannach
Eatramhach (1 Aibreán – 2 Samhain 2025)

An Dr Lynn Ramsay (Príomhfheidhmeannach)
(arna ceapadh 3 Samhain 2025)

Ms Marianne Doyle

An Dr Sean Duignan (Gnáthchomhalta le taithí
idirnáisiúnta maidir le feidhmeanna QQI)

An Dr Sharon Feeney

Mr Blake Hodgkinson

Mr Kevin McStravock

Ms Emma Muldoon Ryan (ainmniú AMLÉ) (ón 21
Meán Fómhair 2025)

Ms Anne Naughton

Ms Megan O'Connor (ainmniúchán USI) (ón 30
Meitheamh 2025)

Ms Maria Ward (Gnáthchomhalta mar ionadaí
na bhfoghlaimeoirí)

Tábla 4: Taifead Tinrimh Chomhaltaí an Bhoird ar Chruinnithe de Bhard QQI in 2025

	10 Feabhra 2025	3-5 Márta Neamhchor- partha	27-31 Márta Neamhchor- partha	28 Aibreán	13 Mei- theamh	9-10 Iúil Neamhchor- partha	26 Meán Fómhair	5 Nollaig	Uasleibhéal	i láthair
Irene Sheridan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8	8
Lynn Ramsey	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A	✓	1	1
Cliona Curley	N/A	N/A	N/A	✓	✓	N/A	✓	N/A	3	3
Padraig Walsh	✓	✓	✓	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A	3	3
Marianne Doyle	✓	✓	✓	x	✓**	✓	✓	✓	8	7
Sean Duignan	✓	x	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8	7
Sharon Feeney	✓	✓	✓	✓**	✓	✓	✓	✓	8	8
Blake Hodgkinson	✓	x	✓	✓	x	✓	✓	✓	8	6
Kevin McStravock	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8	8
Emma Muldoon Ryan*	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A	✓	1	1
Anne Naughton	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓**	✓	8	8
Bryan O'Mahony*	✓**	✓	✓	✓	x	N/A	N/A	N/A	5	4
Maria Ward	✓	x	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8	7

* Ionadaí AMLÉ, téarma a oifige a ritheann ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh gach bliain.
**] láthair trí chomhdháil físe.

✓ = I láthair
N/A = Níor chomhalta é/í ar dháta an chruinnithe
X = DAs láthair

Cothromaíocht Inscne i gcomhaltacht Bhord QQI

Amhail an 31 Nollaig 2005, bhí seachtar (70%) ball baineann agus triúr ball fireann (30%) ar an mBord. Mar sin níor chomhlíon QQI sprioc an Rialtais ionadaíocht ar a laghad 40% de gach inscne a bheith i mballraíocht na mBord Stáit.

Chun dírí ar chothromaíocht inscne ar Bhord QQI agus í a fheabhsú, cuirfidh an feidhmeannas measúnú ar stádas na cothromaíochta inscne chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta má thagann aon fholúntais chun cinn.

De ghnáth, idir bliain agus dhá bhliain a mhaireann téarma ainmní AMLÉ agus dá bhrí sin, athraíonn sé níos minice ná mar a athraíonn comhaltaí eile Bhord QQI.

Meastóireacht ar Fheidhmíocht

Críochnaíodh athbhreithniú seachtrach ar fheidhmíocht Bhord QQI agus a choistí in 2025 agus cuireadh an tuarascáil a lean as sin faoi bhráid an bhoird sa tríú ráithe de 2025.

Rialachas fo-bhoird

Soláthraíonn roinnt fo-choistí den Bhord saineolas ar leith sa réimse acadúil agus i bpríomhréimsí eile d'oibríochtaí QQI:

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Is é cuspóir an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca struchtúr neamhspleách measúnaithe a sholáthar agus tacú leis an mBord maidir lena bhfreagrachtaí as fadhbanna riosca, rialaithe agus gnéithe den rialachas trí athbhreithniú a dhéanamh ar a chuimsithí atá na dearbhuithe ó thaobh riachtanais dearbhaithe an Bhoird agus an Oifigigh Chuntasaíochta a chomhlíonadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a iontaofa

agus a iomláine atá na dearbhuithe sin. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca i 2025.

Ballraíocht agus tinreamh

Mar gheall ar mhéid Bhord QQI, is gnách ballraíocht an Choiste a bheith comhdhéanta de bheirt chomhaltaí boird (duine acu ina chathaoirleach ar an gcoiste) agus triúr comhaltaí seachtracha nach comhaltaí den Bhord iad (seachas triúr comhaltaí boird de réir mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais).

Blake Hodgkinson (Cathaoirleach)	3/3
Kate Cullen (neamhchomhalta den Bhord)	2/4
Pearl Cunningham (neamhchomhalta den Bhord)	4/4
Marianne Doyle (comhalta den Bhord)	4/4
Walter Johnston (neamhchomhalta den Bhord)	2/4

Tháinig deireadh le tréimhse Blake Hodgkinson mar Chathaoirleach chun deiridh in Samhain 2025 agus ceapadh Walter Johnston ina dhiaidh sin.

Comhroghnaíodh Maria Ward, ar comhalta den bhord í, ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ag cruinniú Nollaig 2025 den bhord.

An Coiste Maoirseachta um Chláir agus Dámhachtainí (PAEC)

Is é feidhm an PAEC cinntí a dhéanamh maidir le bailíochtú clár as a leanann dámhachtainí QQI. Bunaítear cinntí agus moltaí an Choiste ar shaineolas agus ar mholtaí seachtracha, a chuirtear ar fáil de ghnáth i bhfoirm thuarascálacha ó phainéil saineolaithe agus torthaí ar ghníomhaíochtaí faireacháin agus athbhreithnithe a dhéanann QQI.

Bhí ocht gcruinniú ag an PAEC i 2025.

Ballraíocht agus tinreamh

Pádraig Walsh (Cathaoirleach)	2/2
Cliona Curley (Cathaoirleach eatramhach)	5/5
Lynn Ramsey (Cathaoirleach)	1/1
Andrea Durnin	7/8
Barbara Kelly	7/8
Jim Murray	6/8
Órla Barry	7/8
Marie Mattimoe	5/7
Roisín Morris-Drennan	8/8

An Coiste um Beartais agus Caighdeáin (PSC)

Breithníonn an CBC dréacht-bheartas QQI agus déanann sé moltaí don Bhord maidir le ceadú na mbeartas seo ar aon dul le straitéis na heagraíochta. Lena chois sin, breithníonn sé moltaí ón bhfeidhmeannacht chun caighdeáin eolais, scile agus inniúlachta a chinneadh le haghaidh dámhachtainí oideachais agus oiliúna nó chun treoirlínte ábhar maidir leis na leibhéil eolais, scile agus inniúlachta a mbeidh súil leo do dhámhachtainí ardoideachais, a fhorghluiní, agus féadfaidh sé gníomhú orthu. Bhí trí chruinniú ag an PSC in 2025.

Ballraíocht agus tinreamh

Kevin McStravock (Cathaoirleach)	3/3
Sandra Campbell	2/2
Caty Duykaerts	2/3
Eithne Guilfoyle	3/3
Bryan Maguire	3/3
Jim Murray	1/3
Anne Naughton	3/3
Damien Owens	1/1
Cassy Taylor	3/3

An Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (PAOC)

Déanann an Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (PAOC) athbhreithniú agus anailís ar ghníomhaíochtaí an PAEC (thuas), ag soláthar comhairle agus ag déanamh moltaí ar a chinntí. Deimhneoidh sé cinntí de chuid an PAEC, nó cuirfear ar ais iad, faoi mar is gá. Ní thionóltar cruinniú den PAOC ach amháin chun freastal ar riachtanais ghnó ar leith. Dá bhrí sin, níor ghá aon chruinniú a thionól in 2025.

Ballraíocht

Sharon Feeney (Cathaoirleach)
 Billy Bennett
 Cróna Gallagher
 Paula Hodson
 Karen Jones
 Mary Kerr
 Brendan O'Dea
 Maria Ward

Coiste na gCeaduithe agus na nAthbhreithnithe (ARC)

Déanann an ARC cinntí agus moltaí maidir le ceadú nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta, an Marc TrustEd Ireland (an Marc Idirnáisiúnta Oideachais roimhe seo); údarás tarmligthe; agus ceadáíonn sé foilsiú torthaí ar athbhreithnithe cáilíochta a sheoltar faoi alt 42 den Acht.

Bhí seacht gcruinniú ag ARC in 2025.

Ballraíocht agus tinreamh

Sean Duignan (Cathaoirleach)	7/7
Elaine Boyd	4/7
Fiona Farr	6/7
Laura Flynn	6/7
Carol Hanney	6/7
Maria Hinfelaar	6/7
Anna Murphy	4/7
Ronan O'Loughlin	4/7
Bryan O'Mahony	1/1
Gerry O'Sullivan	6/7
Tony Pettit	3/7

An Coiste Acmhainní Daonna agus Eagair

Is é cuspóir an Choiste Acmhainní Daonna agus Eagair cuidiú agus comhairle a chur ar an mBord d'fhonn a rialachas agus maoirseacht féin sna réimsí acmhainní daonna agus feidhmíocht an phríomhfheidhmeannaigh a athneartú.

Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Acmhainní Daonna agus Eagair seo in 2025.

Ballraíocht agus tinreamh

Irene Sheridan (Cathaoirleach)	6/6
Sean Duignan	5/5
Sharon Feeney	6/6
Blake Hodkinson	1/1



Gluais na nAcrainmneacha

AIEB	Foras Formhuinithe Uile-Éireann le haghaidh Oideachas agus Oiliúint in Obair don Phobal	EDI	Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú
AMLÉ	Aontas na Mac Léinn in Éirinn	EHEA	Limistéar Eorpach an Ardoideachais
AQRs	Tuarascálacha Bliantúla Cáilíochta	ELD	Bunachar Sonraí Fadtréimhseach an Oideachais
CARPE	Lárionad Measúnaithe, Taighde, Beartais agus Cleachtais san Oideachas	ELE	Oideachas Mhúineadh an Bhéarla
CAO	An Lár-Oifig Iontrála	ELM	An tSamhail Foghlama Eorpach
CAS	An Comhchóras Dámhachtainí	ENAI	An Lónra Eorpach um Ionracas Acadúil
CEFR	Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha	ENQA	An Cumann Eorpach um Dhearbhu Cáilíochta san Ardoideachas
CRADLE	An Lárionad Taighde ar Mheasúnú agus ar Fhoghlaim Dhigiteach	ESCO	An tAicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha
CRM	Bainistíocht an Chaidrimh le Custaiméirí	ETB (BOO)	Bord Oideachais agus Oiliúna
CVS	An Earnáil Phobail/Dheonach	FET (BOO)	Breisoideachas agus Oiliúint
DAB	Forais Cháiliúcháin Ainmnithe	FOI (SF)	Saoráil Faisnéise
DBS	Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath	GAIN	An Lónra Domhanda um Ionracas Acadúil
DCU	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	GDPR	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
DEQAR	Bunachar Sonraí na dTorthaí Eorpacha um Dhearbhu Cáilíochta	GenAI	IS Giniúna
DFHERIS	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, agus Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	GHG	Gás Ceaptha Teasa
ECEIA	An Chomhdháil Eorpach um Eitic agus Ionracas Acadúil	GRC	An Coinbhinsiún Domhanda maidir le Cáilíochtaí Ardoideachais a Aithint

HE/AO	Ardoideachas	NSETS	An Coiste Thuaidh Theas um Chaighdeáin Oideachais agus Oiliúna
HEA/ÚuA	An tÚdarás um Ardoideachas		
HEI	Institiúid Ardoideachais	NStEP	An Clár Náisiúnta Rannpháirtíochta do Mhic Léinn
HELS	Scéim na Nasc Ardoideachais		
IADT	Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire	NYCI	An Chomhairle Náisiúnta le Leas Óige
IAV	Rochtain Tosaigh ar Bhailíochtú	NZQA	New Zealand Qualifications Authority
IEMAS IEM	Ráiteas Iarratais ar an Marc Idirnáisiúnta Oideachais	PDA	Comhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta
IRQ	Clár Cáilíochtaí na hÉireann	AQR	Tuairisciú Bliantúil ar Cháilíocht
ISSCoP	Cód Cleachtais Chóras Staitistiúil na hÉireann	PSRB	Comhlachtaí Gairmiúla, Reachtúla agus Rialála
IUA	Irish Universities Association/ Cumann Ollscoileanna na hÉireann	QAA	An Ghníomhaireacht um Dhearbhu Cáilíochta Ardoideachais
LAB	Forais Cháiliúcháin Liostaithe	QD	Manna Cruinnithe Dialóige Cáilíochta
LAI	Cumann Leabharlainne na hÉireann		
LRC	Coinbhinsiún Aitheantais Liospóin	QDM	Cruinnithe Dialóige Cáilíochta
MoU	Meamram Tuisceana	QDR	Clár na dTacar Sonraí Cáilíochtaí
NAIN	An Lónra Náisiúnta um Ionracas Acadúil	QQI	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
NARIC	An Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Aitheantas Acadúil	RoPA	Taifid de Ghníomhaíochtaí Próiseála
NCQAA	An Coiste Náisiúnta um Chreidiúnú Cáilíochta agus Creidiúnú Acadúil	RPL/AR	Aitheantas Réamhfhoghlama
NFDE	An Creat Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta	SOC	Lárionad oibríochtaí slándála
NFQ/CNC	An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí	TEQSA	An Ghníomhaireacht um Cháilíocht agus Chaighdeáin an Oideachais Threasaigh
		TUnna	Ollscoileanna Teicneolaíochta



**Dearbhú Cáilíochta
agus Cáilíochtaí Éireann**
Quality and
Qualifications Ireland

www.QQI.ie